Instituíd Oideachais
MARINO
Institute of Education

Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
## 2021 - 2022




Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin

# Stair, Misean agus Fís IOM

## Stair

Tá oidhreacht bhródúil ag Institiúid Oideachais Marino as bheith ina soláthraí ardoideachais le haghaidh níos mó ná céad bliain. Bunaíodh í i 1905 mar lárionad Oideachais, Taighde agus Teagaisc na mBráithre Críostaí, agus d'éirigh an coláiste ina sholáthraí aitheanta oideachais do mhúinteoirí i 1929. Nuair a tugadh an Baitsiléir Oideachais isteach i 1976, d'éirigh IOM ina Coláiste Cleamhnaithe de Choláiste na Tríonóide. Tháinig rath ar an gcaidreamh sin thar na blianta, agus in 2011 chuaigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le Cúige Eorpach na mBráithre Críostaí le bheith ina gcomh-iontaobhaithe Institiúid Oideachais Marino.

## Misean

Agus é spreagtha ag fís na Críostaíochta, pobal teagaisc, foghlama agus taighde is ea IOM atá tiomanta d'ionchuimsiú, cáilíocht agus barr feabhas san oideachas a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal. Tá dínit agus cumas gach duine agus an tóraíocht ar shochaí chóir agus ar phláinéad inbhuanaithe ag croílár ár saoil, ár gcuid oibre agus ár seirbhíse.

## Fís

Le bheith inár nguth sainiúil maidir le hoideachas cóir, inbhuanaithe agus claochlaitheach do chách a éascú.

Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education

*Coláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath*

# Clár na nÁbhar

FRéamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe . . . 2
Fáilte Ón Uachtarán . . . 3
Grianghraif a thugann léargas ar bhliain in IOM . . . 5
Rialachas . . . 5
Tuarascálacha Ceannaireachta – An Dr Seán Delaney . . . 8
Tuarascálacha Ceannaireachta – An Dr Gene Mehigan . . . 10
Tuarascálacha Ceannaireachta – Cian Mackey . . . 12
Freagairt COVID-19 IOM . . . 17
Freagairt IOM ar an gCogadh san Úcráin . . . 19
Seoladh Plean Straitéiseach 2021-2026 . . . 20
Teagasc agus Foghlaim - Nuálaíocht ag IOM . . . 21
Saol na Mac léinn agus Cúrsaí Spóirt . . . 23
Inbhuanaitheacht . . . 26
Éagsúlacht agus Ionchuimsiú . . . 28
Folláine @ IOM . . . 30
Tionscadail agus Foilseacháin . . . 32
Comhdhálacha agus Pobal . . . 38

# Réamhrá

## Ó Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe

Níl aon amhras ach gur tháinig athruithe móra ar an saol mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus ní haon eisceacht é an t-oideachas. Cé nár mhair cuid de thionchar COVID-19 ach seal, tá cuid eile de atá níos buaine. Chuir Institiúid Oideachais Marino roinnt athruithe curaclaim, oideolaíochta agus bainistíochta i bhfeidhm le linn na bliana acadúla 2021/22, athruithe a raibh baint ag COVID-19 leo, agus gur fiú iad a choimeád.

Chuir IOM lena barr feabhais sa taighde agus san oideachas le linn na bliana, d'fhreastail sí ar níos mó daoine trí chláir dhinimiciúla ionchuimsitheacha a sholáthar agus ghnóthaigh sí cáil as rannpháirteachas agus as seirbhís phoiblí.

Cé go raibh údar dóchais ann le linn na bliana, lean na dúshláin a bhain le COVID-19 ar aghaidh agus ba mhaith liom an fhoireann, na mic léinn agus pobal IOM i gcoitinne a mholadh as a dteacht aniar, as a nuálaíocht agus as a dtiomantas leanúnach maidir le timpeallacht ionchuimsitheach chothaitheach a chruthú a bhfuil IOM mórálach aisti agus a chúis sin aici.

Tarraingíonn cláir thaighde, oideachais agus rannpháirtíochta amhail TOBAR, DICE agus an Tionscadal um Múinteoirí Imirceacha aird ar a fheabhas atá an Institiúid, agus léiríonn tionscnaimh amhail an Clár Folláine meon nuálach na foirne agus na mac léinn.

Foilsíodh Plean Straitéiseach Institiúid Oideachais Marino (2021-2026) agus ceann de bhuaicphointí na bliana ba ea é. Sheol an tAire Simon Harris agus Propast Choláiste na Tríonóide Linda Doyle an Plean Straitéiseach, plean a bhí mar thoradh ar mhionanailís comhthéacs agus ar rannpháirtíocht chuimsitheach le páirtithe leasmhara. Leagtar amach clár uaillmhianach forbartha ann chomh maith le conair shainiúil do IOM le leanúint as seo go ceann cúig bliana. Léiríonn sé luachanna agus struchtúir na hInstitiúide agus leagann sé amach i gcreat iad a chuirfidh ar chumas IOM borradh a chur faoi earnáil an oideachais in Éirinn agus thar lear as seo go ceann deich mbliana



Thar ceann na gcomhaltaí ar Bhord Rialaithe IOM, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Teresa O'Doherty as a ceannaireacht eisceachtúil agus as a tiomantas gan sárú do IOM. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhFoireann Cheannaireachta as a dea-mhaoirseacht ar an Institiúid agus leis an bhfoireann riaracháin, leis an bhfoireann bainistíochta agus leis an bhfoireann mhúinteoireachta as an obair chrua a rinne siad agus as a dtiomantas don Institiúid agus don phobal i gcoitinne. Agus dar ndóigh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na mic léinn as a misneach, as a spiorad agus as a dtoilteanas maidir le modhanna nua oideachais a ghlacadh chucu féin agus sinn go léir ag bogadh ar aghaidh sa saol.

**An tOllamh Linda Hogan**

*Ollamh le hÉacúiméinic,*
*Scoil an Reiligiún, na Diagachta agus Staidéar na Síochána, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath*
*Cathaoirleach ar Bhord Rialaithe de chuid IOM.*

# Fáilte

## Ón Uachtarán

Agus mé i m'Uachtarán IOM, smaoiním siar le bród agus le buíochas as a bhfuil bainte amach againn san Institiúid le bliain anuas, bliain acadúil a bhí an-dúshlánach ar fad Agus sinn ag dul i ngleic le COVID-19 don dara bliain as a chéile, d'fhilleamar ar an gcampas le faitíos ach le gliondar chomh maith. Bhí ar gach uile dhuine dul i ngleic le saol síorathraitheach le bliain anuas, rud a chur strus orthu, áfach. Chomh luath agus a cheapamar go raibh cead againn gníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh a eagrú arís cuireadh bac orainn go minic nó bhí orainn filleadh ar ghníomhaíochtaí ar líne amháin.

Tháinig méadú ar ualach oibre gach aon duine toisc gur tháinig go leor athruithe i bhfeidhm i rith na bliana, toisc go rabhamar tiomanta do gach aon duine a choimeád slán ag an obair agus ag an staidéar, agus toisc go raibh eagla orainn go dtolgfadh ár muintir agus muidne féin COVID-19. Bhí orainn tacú le scoileanna agus le suíomhanna luath-óige trínár mic léinn shinsearacha a chur ag obair mar mhúinteoirí/mar chúramóirí ionaid i mí Eanáir agus i mí Feabhra, agus chuir sé seo isteach go mór ar shocrúcháin scoile, agus ar an bhféilire acadúil do na mic léinn agus don fhoireann ar fad. Fuaireamar aitheantas ón Aire Foley agus ó ghníomhaireachtaí éagsúla ar fud na tíre as an méid a rinne ár mic léinn le linn na tréimhse seo maidir le scoileanna agus suíomhanna luath-óige a choimeád ar oscailt.

Táimid fíorbhuíoch do na mic léinn as an méid oibre a rinne siad mar oibrithe tosaigh le linn na paindéime agus as a bhflaithiúlacht agus as a ngairmiúlacht agus iad ag i mbun oibre sna suíomhanna sin. Bhí leasuithe le déanamh ar an bhféilire acadúil dá bharr seo, a raibh tionchar mór acu ar an gcohórt sin, ar chohóirt eile agus ar mhic léinn B. Ed /B.Oid 1 go háirithe, agus go deimhin, bhí an tionchar sin le brath ar fud na ranna uile san Institiúid Mar sin, cé go raibh dúshláin ann nach bhfacthas a leithéid riamh, le linn na bliana 2020/2021, bhí siad ann le linn na bliana 2021/2022 chomh maith. Níor tháinig maolú ar bith ar na dúshláin sin ó thaobh méid agus ráta de.



Is é mo thuairim go bhfuil tionscnaimh áirithe ann a bhfuil baint ag IOM leo an-oiriúnach chun dul i ngleic le dúshláin na linne seo. Tá an Tionscadal um Múinteoirí Imirceacha ag dul ó neart go neart le blianta beaga anuas, tionscadal a chuireann acmhainní agus tacaíochtaí tábhachtacha ar fáil do mhúinteoirí atá ag bogadh go hÉirinn agus atá ag dul ag obair in earnáil oideachais na tíre seo, agus anois sa bhliain 2022 tá sé ina chabhair do mhúinteoirí ón Úcráin atá ag bogadh go hÉirinn, agus níos tábhachtaí fós, beidh sé ina chabhair d'earnáil an oideachais in Éirinn maidir le riachtanais na múinteoirí seo a thuiscint. Molaim go deo iad as ucht a gcuid oibre.

Bliain thar a bheith deacair a bhí ann dár mic léinn, rinne siad a ndícheall in ainneoin na ndúshlán, agus ba léir go raibh na riachtanais a bhain lenár mic léinn ar an mbonnchlár bliana IFP agus le mic léinn na chéad bhliana i gcoitinne níos mó ná mar a bhí riamh roimhe sin. Bhí an t-ádh orainn gur chuireamar le tacaíochtaí do mhic léinn ag IOM le blianta beaga anuas. D'fhostaíomar Oifigeach Rochtana, Oifigeach Rannpháirtíochta Mac Léinn agus Séiplíneach, chomh maith le seirbhís comhairleoireachta inmheánach le foireann de bheirt chomhairleoirí a chur ar fáil. Bhí an Coiste Iniúchóireachta chomh maith le clubanna agus cumainn uile na mac léinn ina chrann taca dár mic léinn i rith an ama. Bhíomar thar a bheith sásta le rannpháirtíocht mac léinn IOM in **StudentSurvey.ie** mar ba é an leibhéal ab airde in earnáil an ardoideachais é. Bíonn ár dtorthaí ard i gcónaí agus cuireann sé áthas orainn go mbíonn mic léinn sásta leis an Institiúid.

Is iomaí tionscnamh ionchuimsitheach forleathnaitheach eile de chuid IOM a raibh rath orthu i rith na bliana, lena n-áirítear TOBAR - ár dtionscadal um Rochtain ar an Ardoideachas, STER - ár bhfóram agus comhdháil taighde do mhic léinn, ár dtiomantas d'oideachas forbartha sa tionscadal DICE, agus an Bonnchlár Idirnáisiúnta (IFP) a lean ar aghaidh in ainneoin na srianta taistil a bhain le COVID-19 agus na n-imeachtaí geopholaitiúla i mí Feabhra na bliana 2022 Thugamar cuireadh do mhuintir na háite teacht chuig ár gcampas, chun go mbainfidís taitneamh as ár dtírdhreach álainn le linn tréimhsí nach raibh cead acu taisteal lasmuigh dá gcomharsanacht féin. Bhí roinnt mhaith imeachtaí pobail againn i rith na bliana a sheasann amach, lena n-áirítear; ár ról ceannaireachta ar an tionscadal - Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath, ár mbaint le scoileanna na háite maidir leis na cláir do leanaí 'samhradh le chéile' a chur ar bun, an bhaint a bhí ag ár mic léinn le seisiúin ceol traidisiúnta ag am lóin, agus an tiomantas don ghluaiseacht leis an tionscadal 'Walktober.'

Rinneamar comhdháil Chumann Léann Oideachais na hÉireann (COBÁC) a óstáil ar líne i mí an Mhárta 2022 agus bhí an-áthas orainn comhdháil chumann oideachais múinteoirí san Eoraip a óstáil aghaidh ar aghaidh i mí na Bealtaine, nuair a chuireamar fáilte roimh 100 toscaire idirnáisiúnta chuig IOM. Bhí an-rath go deo ar an dá chomhdháil agus léirigh sé seo cumas acadúil agus eagrúcháin na hInstitiúide.

Ag breathnú siar ar 2021/2022, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach ball foirne as an méid oibre a rinne siad le tiomantas iomlán agus le croí mór maith. Le linn na bliana, chinntigh ár bhfoireann go raibh deis ag na mic léinn obair acadúil a dhéanamh chomh fada agus ab fhéidir, agus thug siad tacaíocht dóibh le bheith rannpháirteach sna himeachtaí uile cultúrtha agus spóirt atá fíorthábhachtach i saol na mac léinn san ollscoil.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach uile dhuine as a gcineáltas agus a dtiomantas dá chéile agus do IOM.

**An tOllamh Teresa O'Doherty**

*An tUachtarán*



# Grianghraif a thugann léargas ar bhliain in IOM

### Lúnasa 2021

Athosclaíodh campas IOM.

### Meán Fómhair 2021

Chuaigh IOM i gcomhpháirtíocht nua leis na sé scoil i nGrúpa Theach Naomh Mícheál.

### Deireadh Fómhair 2021

Bronnadh gradam Chathair Foghlama ar Bhaile Átha Cliath.

### Samhain 2021

Seoladh Plean Straitéiseach IOM.

### Nollaig 2021

Oíche na nGradam Scoláireachta Iontrála.

### Eanáir 2022

Bronnadh na gcéimeanna duine le duine i gColáiste na Tríonóide.

### Feabhra 2022

Coicís agus aonach idirchultúrtha.

### Márta 2022

Ceoldráma 9-5.

### Aibreán 2022

Seachtain Folláine.

### Bealtaine 2022

Comhdháil ATEE.

### Meitheamh 2022

Scoil Samhraidh sna hEalaíona Cruthaitheacha.

### Lúil 2022

Scoil Samhraidh do Mhúinteoirí.

# Rialachas

Leis an Ionstraim Rialachais (2016) déantar foráil do cheapadh Bord Rialaithe chun údarás na nIontaobhaithe laistigh den Institiúid a chomhlíonadh. I measc fhreagrachtaí an Bhoird Rialaithe tá córas a chur i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar oideachas, ar oiliúint, ar thaighde, agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara na hInstitiúide, agus chun a cáilíocht a chinntiú.

Is é príomhfheidhm an Bhoird Rialaithe an treo straitéiseach a shocrú agus gnóthaí na hInstitiúide a rialú agus a stiúradh i gcomhréir le rúin na nIontaobhaithe, faoi mar a chuirtear in iúl sna Prionsabail Threoracha. Tháinig an Bord Rialaithe le chéile sé huaire le linn na bliana acadúla 2021/2022.

- 7 Deireadh Fómhair 2021
- 25 Samhain 2021
- 3 Feabhra 2022
- 24 Márta 2022
- 19 Bealtaine 2022
- 23 Meitheamh 2022

### Bord Rialaithe IOM 2021/2022

| | | |
|---|---|---|
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Comhalta Ceaptha 2013 -<br>Ceaptha mar Chathaoirleach ag Iontaobhaithe na bliana 2017. | **An tOllamh Linda Hogan**,<br>Ollamh Éacúiméinice,<br>Scoil na Reiligiún, TCD. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019<br>Athcheaptha Iúil 2022. | **An tUasal Maria Kiernan**,<br>Ailtire ag cleachtadh go príobháideach<br>Comhalta d'Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus ina Idirghabhálaí Creidiúnaithe. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ionadaí ón bhFoireann Cheannaireachta Chúige na hEorpa. Ceaptha Meán Fómhair 2019<br>Ceaptha 1 Nollaig 2021. | **An Bráthair Declan Power**,<br>Ceannaire Pobail, na Bráithre Críostaí.<br>Tháinig an **Dr Larry Jordan** i gcomharbas air<br>Príomhoide Scoile Ullmhúcháin<br>Coláiste na mBráithre Críostaí, Corcaigh. | D'éirigh sé as i mí Iúil 2021. |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019.<br>Athcheaptha Iúil 2022. | **An tUasal Bride Rosney**,<br>Rúnaí do Bhord na nIontaobhaithe Fondúireacht Mháire Nic Róibín. Iar-Stiúrthóir Cumarsáide, RTÉ (2001-2009); Comhairleoir Speisialta don Uachtarán Máire Nic Róibín. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019.<br>Athcheaptha Iúil 2022. | **An tUasal Anne McElduff**,<br>Iar-Ard-Rúnaí Cúnta agus Ceannasaí Dlí agus Caidrimh Thionscail INTO, abhcóide agus iar-mhúinteoir. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha 1 Bealtaine 2018.<br>Athcheaptha Meán Fómhair 2019.<br>Athcheaptha Iúil 2022. | **An tOllamh Lorna Carson**,<br>Ceann ar Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide agus Ollamh Comhlach sa Teangeolaíocht Fheidhmeach, TCD. | |

| | | |
|---|---|---|
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019. | **An tOllamh Declan O' Sullivan**,<br>i mbun léachtóireachta ag Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Staidrimh. | D'éirigh sé as i mí Iúil 2021. |
| **Tofa mar Ionadaí Foirne IOM** (acadúil) **2017-2019**<br>Atofa Meitheamh 2019. | **An Dr Seán Delaney**,<br>LS (Leas-Uachtarán) um Ghnóthaí Acadúla/ Cláraitheoir, IOM. | Tháinig deireadh lena théarma, Meitheamh 2022. |
| **Tofa mar Ionadaí Foirne IOM** (acadúil)<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019.<br>Atofa Meitheamh 2022. | **An Dr Rory McDaid**,<br>Stiúrthóir Taighde. | |
| **Tofa mar Ionadaí Foirne IOM** (Seirbhísí Gairmiúla)<br>Ceaptha 2019.<br>Atofa Meitheamh 2022. | **An tUasal Martin Lynch**,<br>Bainisteoir TFC agus ionadaí foirne. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019.<br>Athcheaptha Iúil 2022. | **An tUasal Michael Ryan**,<br>Iar-cheannaire ar Ghrúpa Cánach McCann Fitzgerald, iar-chomhalta comhairle d'Institiúid Cánachais na hÉireann agus é ina chathaoirleach faoi láthair ar bhord eagarthóireachta an Irish Tax Review. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2017-2019.<br>Athcheaptha Iúil 2019. | **An tUasal Karen Herbert**,<br>AIB, Ceannasaí na Meithle um Chód Iompair, Straitéis agus Rialachas. | Tháinig deireadh lena téarma, Meitheamh 2022. |
| **Ionadaí Aontas Mac Léinn IOM**<br>Ceapachán Bliantúil Meitheamh 2021. | **An tUasal Ellen O'Connell**,<br>Tofa mar Uachtarán Aontas na Mac Léinn IOM. | |
| **De bhrí oifige: Ionadaí de chuid Choláiste na Tríonóide.**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019.<br>Ceaptha Samhain 2021. | **An tOllamh Jürgen Barkoff**,<br>Leas-Phropast - Príomhoifigeach Acadúil, Rúnaíocht Acadúil.<br>Tháinig an **tOllamh Orla Shiels** i gcomharbas air i mí na Samhna 2021. | Term ended June 2021. |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Mí Feabhra 2020. | **An Dr Michael Hallissy**,<br>Páirtí Bunaidh, Foghlaim H2. | |
| **I láthair** | **An tOllamh Teresa O'Doherty**,<br>An tUachtarán. | |
| **I láthair** | **An tUasal Cian Mackey**,<br>Príomhoifigeach Airgeadais. | |

# An Dr Seán Delaney

## Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla



**Bliain ghnóthach eile ba ea an bhliain 2021/2022 in Oifig an Chláraitheora. Bhí an saol ar champas IOM ar ais mar a bhíodh, ach ar an gcoinníoll go gcinnteofaí sábháilteacht gach aon duine le linn na paindéime agus go ndéanfaí athruithe ar mhodhanna oibre de réir mar ba ghá.**

Tháinig daoine nua chun obair linn san oifig chomh maith le baill foirne a bhí againn cheana. Bhí an-áthas orainn Shauna Cassidy a fháiltiú ar ais mar Chláraitheoir Cúnta i mí Dheireadh Fómhair 2021. Thosaigh Helen Johnston ag obair linn i mí Eanáir 2022, in áit Laura Finnegan a d'fhág IOM i mí Dheireadh Fómhair 2021. Chuireamar fáilte roimh Xīn Hào Chén chuig IOM i mí na Bealtaine, agus é anois ina ríomhchláraitheoir cúnta/oifigeach taifead ag obair ar Maestro in éineacht le Piotr Korta.



## Iontrálacha

Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021, bhí 1,313 mac léinn cláraithe le IOM, a chiallaíonn nár tháinig ach méadú 3% ar líon na mac léinn a bhí cláraithe linn an bhliain roimhe sin. Bhí seastán ag IOM ag aonach gairme Higher Options i mí Mheán Fómhair 2021, imeacht a bhí eagraithe ar líne amháin don dara bliain as a chéile. Bhí Lá Oscailte aghaidh ar aghaidh againn i mí na Samhna 2021 agus d'fhreastail breis agus 400 duine air. Bhí líon chásanna COVID-19 ag méadú sa tír ag an am, agus dá bharr sin chuireamar prótacail i bhfeidhm ar an lá maidir le scaipeadh an víris a laghdú. Chomh maith leis an Lá Oscailte aghaidh ar aghaidh seo, bhí lá oscailte ar líne againn do chúrsaí fochéime i mí Eanáir agus trí oíche oscailte ar líne do chúrsaí iarchéime i mí an Mhárta.

Bhí agallaimh aghaidh ar aghaidh againn i mí na Bealtaine le haghaidh áiteanna ar an gcúrsa - Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas(MGO). Ba í an tOifigeach Iontrálacha Helen Johnston a rinne an comórtas seo a chomhordú.

Rinneadh obair leanúnach ar Maestro leagan 5 le linn 2021/22. Thug Piotr Korta agus Xīn Hào Chén roinnt gnéithe nua isteach lena n-áirítear nós imeachta iarratais níos éifeachtaí i dtaca le cúrsaí nach cúrsaí CEO iad d'fhonn an próiseas a dhéanamh níos fusa, agus córas nua do mhic léinn a chur ar fáil chun gur féidir leo a dtras-scríbhinní a íoslódáil óna leathanach torthaí scrúduithe. Tá na tras-scríbhinní leictreonacha seo neamhdhíobhálach don timpeallacht agus tá fáil níos fusa do mhic léinn orthu; is féidir le daoine eile cód QR a úsáid chun iad a dheimhniú.

## Scrúduithe agus Bronnadh na gCéimeanna

Sa bhliain 2021-22, reáchtáil IOM scrúduithe ar líne i mí na Nollag, agus rinne baill foirne IOM feitheoireacht orthu.Chuir foireann Oifig an Chláraitheora seisiúin oiliúna don fhoireann agus do mhic léinn ar fáil. Ar ámharaí an tsaoil, bhí scrúduithe aghaidh ar aghaidh ar siúl againn arís faoi mhí Aibreáin/Bealtaine. Ach i gcás na n-athscrúduithe, bhí meascán de mheasúnuithe aghaidh ar aghaidh agus ar líne againn. Ba í an tOifigeach Scrúduithe Mai Ralph a rinne an méid seo go léir a chomhordú, lena n-áirítear; cláir ama do mhic léinn, achomhairc agus teagmháil leis na scrúdaitheoirí seachtracha.

Bhí bronnadh na gcéimeanna aghaidh ar aghaidh ar siúl i gColáiste na Tríonóide ar an 27 Samhain 2021. Ba é seo an chéad ghrúpa mac léinn IOM ar bronnadh céim orthu aghaidh ar aghaidh ó bhí an bhliain 2019 ann. Bhí searmanas bronnta céimeanna aghaidh ar aghaidh ar siúl i gColáiste na Tríonóide ar an 19 Eanáir 2022 do chéimithe 2020 nár bronnadh céimeanna orthu ag an searmanas fíorúil. Níorbh fhéidir linn na searmanais bronnta céimeanna sin a reáchtáil in IOM, agus dá bhrí sin reáchtáladh comh-ócáid bronnta céimeanna in IOM ar an 11 Meitheamh, agus labhair an tOllamh Teresa O'Doherty leis na mic léinn ann. Ba í Helen Johnston a reáchtáil an ócáid seo.



## Pobail na Foghlama

Reáchtáladh an tionscnamh 'Le Chéile' arís sa bhliain 2022. Déanann múinteoirí faoi oiliúint as IOM obair dheonach ar feadh seachtaine, ag múineadh leanaí as scoileanna DEIS i mBaile Átha Cliath den chuid is mó. Faigheann na leanaí breis teagaisc agus faigheann na múinteoirí óga breis taithí mhúinteoireachta agus mar sin tá gach duine ag foghlaim "le chéile." Reáchtálann baill foirne IOM Ciara Reilly, Lorna Roche, Colleen Horn agus Seán Delaney an imeacht seo go léir i gcomhar le foireann na gComhdhálacha agus Saoráidí agus le comhghleacaí eile.

## Cáilíocht agus Macántacht

Bhailigh an Coiste Cáilíochta le chéile ar bhonn míosúil le linn 2021/22 agus d'fhorbair siad acmhainní le haghaidh beartas a scaipeadh ar an bhfoireann. Bhí athbhreithniú fíorúil ar an gclár Breisoideachais ar siúl ar an 1 agus 2 Márta, agus ba é buaicphointe na bliana é. Rinneadh ualach mór oibre le haghaidh an athbhreithnithe seo, agus ba iad Julie O'Donnell ón bhfoireann Cáilíochta agus Andrea Uí Chianáin ón gClár a bhí i gceannas air.

Le linn an ama seo, glacadh le Shauna Cassidy agus Melanie Eggleston mar ionadaithe IOM ar an Líonra Náisiúnta um Macántacht Acadúil, i dteannta leis an Dr Seán Delaney, a bhí ina bhall beagnach ón tús. Chomh maith leis sin, i mí na Bealtaine, d'fhreastail ceathrar ball foirne IOM ar mháistir-rang ar mhacántacht acadúil, agus ba é Kane Murdoch ó Ollscoil New South Wales a bhí ina phríomhchainteoir. Ar deireadh, cuireadh coiste ar bun in IOM chun oibriú i réimse na macántachta acadúla. Is iad Genevieve Larkin, Melanie Eggleston, Shauna Cassidy, Mai Ralph agus an Dr Seán Delaney baill foirne an choiste seo. Táthar ag súil go mbeidh mac léinn amháin ar a laghad ar an gcoiste amach anseo.

## TUARASCÁLACHA CEANNAIREACHTA

# An Dr Gene Mehigan



### Leas-Uachtarán um Oideachas agus um Fhorbairt Straitéiseach

**Má bhí focal ann chun léiriú a thabhairt ar an mbliain acadúil 2021/22 ag IOM ba é an focal solúbthacht é. De réir mar a bhí cúiseanna a bhain leis an bpaindéim Covid-19 agus lena srianta ag síorathrú le linn na bliana acadúla, thapaíomar an deis maidir le teagasc cumaisc, le foghlaim chumaisc, agus le teagasc agus foghlaim ar líne, agus ag an am céanna chuireamar teagasc aghaidh ar aghaidh chomh maith le himeachtaí sóisialta ar bun ar an gcampas arís.**

Is dea-thuar é díograis agus gairmiúlacht na foirne agus na mac léinn i dtaca le dúshláin agus deiseanna na bliana 2021/22 don Phlean Straitéiseach a chur i bhfeidhm, plean a sheolamar i mí na Samhna 2021, agus a chinnteoidh go mbeidh rath ar IOM sna blianta atá amach romhainn.

## Oideachas, cáilíocht agus tacaíocht

Is iomaí forbairt nua a cuireadh i bhfeidhm i réimsí an oideachais, an teagaisc agus na foghlama in IOM, mar a léirítear sa tuarascáil níos leithne seo. Gan ach roinnt bheag a lua, sa chéad Seimeastar 2021-22, chuir IOM seimineáir ghréasáin ar fáil do mhúinteoirí, agus ba iad foireann IOM a chuir i láthair iad i gcomhar le hIonad Tacaíochta Oideachais Thrá Lí, le hIonad Tacaíochta Oideachais an Chláir agus le hIonad Tacaíochta Oideachais na hUaimhe. Is iomaí ábhar a pléadh sna seimineáir ghréasáin, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil phraiticiúil i réimsí amhail an Ghaeilge, Litearthacht, Matamaitic, Oideachas Speisialta, SESE, Dátheangachas, Ceol, Drámaíocht, agus Oideachas Luath-Óige. Bhí tinreamh mór i láthair ag na seimineáir ghréasáin i gcónaí, mar bhí an t-ábhar agus an tslí a chuir léachtóirí IOM i láthair iad ar ardchaighdeán gan aon amhras.

Léiriú eile ar ardchaighdeán oideachais IOM é gur fhaomh Comhairle Ollscoile Choláiste na Tríonóide togra IOM le haghaidh clár nua (Máistreacht sa Léann Oideachais - Oideachas Matamaitice Bunscoile) a chur ar bun. Rinne Scoil Oideachais Choláiste na Tríonóide athbhreithniú inmheánach ar an togra agus rinne an tOllamh Julie Alderton as Ollscoil Cambridge athbhreithniú seachtrach air.

I mí an Mhárta 2022, mar chuid den phróiseas Athbhreithnithe Cáilíochta, rinneadh athbhreithniú neamhspleách seachtrach ar an Dioplóma Gairmiúil Oideachais (Breisoideachas) agus bhí athbhreithniú cuimsitheach ar chaighdeáin acadúla an chláir mar chuid de. Mar chuid de seo, rinneadh athbhreithniú ar threo straitéiseach an chláir mar a bhaineann sé le straitéis IOM agus le forbairt inmheánach agus sheachtrach chomh maith le hathbhreithniú ar éifeachtacht an chláir ó thaobh struchtúr rialachais, bainistíochta agus riaracháin de.

Ba léir an tionchar a bhí ag ionradh na Rúise ar an Úcráin sna chéad mhíonna den bhliain 2022. Tá IOM ag tacú le múinteoirí as an Úcráin lena Tionscadal um Múinteoirí Imirceacha. Sa chomhthéacs seo, rinneadh príomhghnéithe córais oideachais na hÚcráine a chur i láthair agus a phlé ag sraith seimineár gréasáin a reáchtáil an Dr Rory Mc Daid i gcomhar le hOllscoil Vín, le hOllscoil Basel agus le hOllscoil Koblenz-Landau.

## Forbairt Straitéiseach agus Forbairt ar an gcampas

Seoladh Plean Straitéiseach IOM 2021-2026 i mí na Samhna 2021, agus rinneadh dul chun cinn maith maidir leis an bplean a chur i bhfeidhm le linn na bliana acadúla 2021/22. Plean cúig bliana is ea é, agus tá 10 sprioc le baint amach sa tréimhse sin, 305 fosprioc san áireamh.

Beidh máistirphlean Champais IOM ag teacht le Pleananna Straitéiseacha IOM. Beidh baint aige le forbairt mheántréimhseach - ghearrthréimhseach ar an gcampas, chomh maith le dul i ngleic le roinnt easnamh agus ag an am céanna cuirfear an méadú ar líon na gclár agus na mac léinn san áireamh. Beidh forbairt fhadtréimhseach ar an gcampas mar chuid den phlean agus déanfar measúnú ar na saoráidí sin atá riachtanach do IOM (acmhainní leabharlainne leordhóthanacha srl.). Chuaigh IOM i mbun próiseas tairisceana chun gnólacht ailtireachta a roghnú d'fhonn tús a chur le pleananna a dhréachtú maidir leis an Máistirphlean Champais seo a fhorbairt.

Sa bhliain acadúil 2021/22, leanamar ar aghaidh le pleananna a chur chun cinn i dtaca le bealach isteach nua ó Ascaill Uí Ghríofa suas tríd an bhforbraíocht ag Coill Uí Ghríofa. Tabharfaidh an bóthar isteach nua seo deis do dhaoine radharc úrnua a fháil ar ár bhfoirgneamh álainn Naomh Muire. Fuarthas cead pleanála chomh maith do mhol nua slándála ag geata na hInstitiúide.



**Bhuail an Dr Garret Campbell, an Dr Rory McDaid, an Dr Gene Mehigan chomh maith le Maria Fitzgerald (Leas-Stiúrthóir Gníomhach na Comhairle Múinteoireachta) leis an Ambasadóir Larysa Gerasko, Ambasadóir na hÚcráine in Éirinn, ar an 12 Aibreán, chun plé a dhéanamh ar ról an Tionscadail um Múinteoirí Imirceacha maidir le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí as an Úcráin agus iad ag dul i mbun múinteoireachta in Éirinn.**

## TUARASCÁLACHA CEANNAIREACHTA

# Cian Mackey

### Príomh-Oifigeach Airgeadais agus Leas-Uachtarán Seirbhísí Gairmiúla



**Cé go raibh tionchar COVID-19 le sonrú fós ag tús na bliana acadúla 2021/2022, bhí sé go diail go raibh saol na mac léinn agus saol ar an gcampas ag dul ar ais chuig an gcaoi a mbíodh sé de ghnáth. Bhí athruithe ag tarlú fós sa tréimhse seo, amhail an t-athrú ó chóras ar líne go córas hibrideach agus saol ar an gcampas ag dul ar ais chuig an gcaoi a mbíodh sé tráth, agus rinne foireann na Seirbhísí Gairmiúla a míle dícheall chun dul i ngleic leis na dúshláin seo.**

Tá ár dteacht isteach ó chóiríocht mac léinn beagnach chomh hard is a bhí sé sa tréimhse roimh COVID-19, tá ár dteacht isteach ó chomhdhálacha ag ardú arís agus tá dearcadh dearfach againn i leith na bliana 2022/2023. Bhí rath ar Bhonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide chomh maith, agus d'fhreastail líon maith mac léinn air cé go raibh an phaindéim díreach curtha dínn.

Bhí foireann na Seirbhísí Gairmiúla an-ghnóthach le linn na bliana 2021/2022, chuir siad roinnt tionscnaimh thábhachtacha i bhfeidhm i gcomhréir lenár bplean straitéiseach cúig bliana, agus tugtar léiriú orthu inár dTuarascáil Bhliantúil.

Rinne IOM cuid de bhuaicphointí eile na bliana a thionscain d'fhonn a clár um rioscaí corparáideacha a fheabhsú chomh maith leis na próisis agus na nósanna imeachta eile a bhain leis. Fuair IOM cead pleanála chomh maith do mhol slándála nua a thógfar ar ár mbealach isteach nua ó Ascaill Uí Ghríofa. Cuirfear tús leis na hoibreacha go luath sa bhliain 2023.

Chomh maith leis sin, tar éis próiseas tairisceana iomaíoch, roghnaíodh gnólacht ailtireachta chun Máistirphlean Campais a dhréachtú. Beidh an plean seo ina chabhair mhór maidir le mian IOM foirgnimh bhreise a thógáil d'fhonn riachtanais ár mac léinn a shásamh.

## Oifig Airgeadais

Bhí bliain ghnóthach eile in Oifig Airgeadais IOM faoi stiúir Deirdre Mulholland, maidir le deontais, sparánachtaí agus scoláireachtaí a íoc le mic léinn IOM. Bronnadh 860 dámhachtain deontais san iomlán ar mhic léinn IOM, comhdhéanta de 13 Deontas Soghluaisteachta Erasmus, 613 Deontas Gaeltachta, 184 Íocaíocht ón gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn, 29 Sparánacht "1916", 34 Sparánacht B. Oid agus 21 Scoláireacht IOM.

Rinne an Oifig Airgeadais babhta rathúil eile den Scéim Aisíocaíochta Táillí Múinteoirí a riaradh ar son na Rannóige um Oideachas Múinteoirí sa Roinn Oideachais. Tháinig 1047 iarratas isteach i mbliana, ceadaíodh 938 acu agus fuair siad maoiniú.

Caithfimid aitheantas ar leith a thabhairt do Justyna Mullin as an méid oibre a rinne sí san Oifig Airgeadais ar dheontais leathnaithe na dTeangacha Iar-Bhunscoile Éireann (PPLI) – breis is 1300 deontas samplach agus 500 deontas leabharlainne le 12 mhí anuas, agus é sin go léir déanta aici anuas ar a gnáthchuid oibre laethúil ar PPLI.

Thosaigh Veronica Madden cuntasóir tionscadail ag obair leis an bhfoireann le linn na bliana, agus beidh baint aici le roinnt tionscadal agus tionscnamh chun cabhrú le IOM a cuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach sna blianta atá amach romhainn.

## Acmhainní Daonna


Tháinig feabhas breise ar thairbhí dár bhfostaithe le linn na bliana acadúla 2021/2022, agus cead acu anois cur isteach ar cheann dár bpleananna pinsin le héifeacht láithreach - bhí tréimhse feithimh sé mhí i gceist go dtí seo. Tugadh Córas Páirtíochta IOM isteach mar chuid dár bpróiseas ionduchtúcháin d'fhostaithe nua. Tugtar "comrádaí" ón bhfoireann reatha don fhostaí nua chun cabhrú leis/lei socrú isteach mar dhuine de phobal IOM.

Chuireamar fáilte roimh 16 chomhghleacaí nua chuig clár ionduchtúcháin ceithre lá ag deireadh mhí Lúnasa. Tugadh obair ón mbaile ar bhonn píolótach isteach d'fhostaithe na Seirbhísí Gairmiúla ar feadh sé mhí i dtosach. Chinneamar leanúint leis an scéim phíolótach seo tar éis aiseolas ón bhfoireann agus ó chinn ranna a fháil agus a chur san áireamh, agus anois tá cead ag fostaithe obair ón mbaile lá nó dhó sa tseachtain. Seoladh Nós Imeachta um Ardú Céime do Léachtóirí Sinsearacha agus ceapadh beirt Léachtóirí Sinsearacha tar éis cloí leis an bpróiseas roghnúcháin, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2021 agus ón 1 Meán Fómhair 2022.

Ceapadh baill foirne nua sna róil seo a leanas; Leas-Uachtarán um Oideachas agus um Fhorbairt Straitéiseach, Déan Oideachais,Curaclaim agus Luath-Óige, agus Déan an Oideachais: Polasaí, Cleachtas agus Sochaí, le héifeacht ó mhí Lúnasa 2022 Tá sé mar thosaíocht leanúnach againn oiliúint agus forbairt foirne a chur ar fáil in IOM. Sa bhliain acadúil 2021/22, chríochnaigh beirt bhall foirne Clár Máistreachta le tacaíocht uainn, thug triúr eile faoi chéim PhD le tacaíocht uainn agus chríochnaigh beirt eile a gcéim PhD agus bronnadh a ndochtúireacht orthu. Is í Róisín Sullivan an Stiúrthóir Acmhainní Daonna.

## An Leabharlann

Tá go leor tarlaithe i Leabharlann IOM le linn na bliana acadúla 2021-2022. Thosaigh daoine ag teacht isteach arís, le breis is 22,000 duine ag teacht chun na leabharlainne idir mí Mheán Fómhair 2021 agus mí Mheán Fómhair 2022, in ainneoin go raibh roinnt cúrsaí á soláthar ar líne fós den chuid is mó den bhliain acadúil.




Rinneadh staidéar ar thaithí úsáideoirí na Leabharlainne agus cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm i mbliana. Áirítear leis seo oifig nua phlean oscailte agus deasc fáiltithe - a bhfuil spás ann do bheirt bhall foirne chomh maith le seomra próiseála le haghaidh earraí fisiciúla a ullmhú agus a chatalógú - agus clúid chiúin le haghaidh léitheoireachta faoin staighre. Rinneadh suíomh gréasáin na leabharlainne a athdhearadh chomh maith chun go mbeadh sé níos fusa é a úsáid, bunaithe ar aiseolas ó staidéar inúsáidteachta ar líne.



**Deasc Nua Fáiltithe na Leabharlainne**

Chomhoibrigh an Leabharlann leis an tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn, leis an Oifig Taighde agus leis an bhfoireann acadúil chun cnuasaigh nua leabhar a sholáthar ar mhaithe le folláine agus le rath acadúil na mac léinn, agus cuireadh cnuasaigh nua leabhar ar taispeáint le linn na bliana lena n-áirítear pictiúrleabhair dhátheangacha, agus leabhair sna catagóirí seo leanas; teifigh, inbhuanaitheacht agus ficsean.

Seoladh seirbhísí nua um iasachtaí Idirleabharlainne agus um shleachta Digiteacha d'fhonn rochtain ar ábhar teagaisc agus taighde a fheabhsú ar mhaithe le baill foirne agus le mic léinn araon. Tá an leabharlann ag baint tairbhe as seirbhísí Stóras Ábhar Digiteach anois d'fhonn sleachta digiteacha a sholáthar, agus dá bharr sin tá fáil ar thaisclann caibidlí leabhar sluafhoinsithe de chuid IAO chun riachtanas oideolaíochta a shásamh.

Is iad Trish Patton, Anne Poenot, Claire Murphy, agus Donna Whelan baill foirne na Leabharlainne agus is í Genevieve Larkin atá i gceannas orthu.

## Oifig Oideachais

D'fhorbair an Oifig Oideachais de réir a chéile i gcomhréir le riachtanais athraitheacha na hInstitiúide. Bhí an bhliain seo níos dúshlánaí ná tréimhse na dianghlasála, ar shlí, mar bhí orainn dul i ngleic le hobair hibrideach. Bhí gá le roinnt mhaith solúbthachta agus d'fhan an Oifig Oideachais ar oscailt ar feadh an lae chun freastal ar an bhfoireann agus ar na mic léinn agus bhí siad gníomhach ar fud na Institiúide go háirithe nuair a thacaigh siad le himeachtaí amhail na cláir um Reading Recovery agus Story Time, laethanta oscailte agus searmanais bhronnadh na gcéimeanna.

Lean an fhoireann le tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do na ranna uile maidir le himeachtaí éagsúla le linn na bliana, lena n-áirítear coicís idirchultúrtha, cláir ionduchtúcháin do mhic léinn, ócáid bhronnadh na scoláireachtaí, seimineár gréasáin ar Léann na nDaoine Gorma, cruinniú comhchéime agus, níos suntasaí fós, Comhdháil ATEE a reáchtáladh ar an gcampas mar ar fáiltíodh roimh thoscairí as gach cearn den domhan.

Agus mic léinn agus cliaint chomhdhála ag filleadh ar ais ar an ngnáthshaol campais bhí ár bhfoireann ann chun tacú agus chun cabhrú leo san idirthréimhse seo, gan dearmad a dhéanamh ar ár bhfoireann fáilteachais mar is iad an chéad pointe teagmhála go minic.Ba iad ár mic léinn idirnáisiúnta go háirithe a bhí fíorbhuíoch as an gcabhair a fuair siad ónár riarthóir IFP.

Rinne an Oifig Oideachais bainistiú ar Phróiseas toghchánaíochta an Bhoird Rialaithe d'ionadaithe foirne.

Ar deireadh, cuireadh béim ar leith ar RGCS, nó GDPR mar is fearr aithne air sa Bhéarla, i mbliana agus leanfar le hiarrachtaí chun a chinntiú go bhfuil ár gcleachtais éifeachtach agus go dtugtar tosaíocht do chosaint sonraí ár bpáirtithe leasmhara i gcónaí.

Is iad Mairéad Corcoran, Dawn Gleeson, Bernie Masterson, Maureen McDonagh, Jocelyn McRory, Mandioneka Munyikwa, Bríd Ní Chualáin, Deirdre Ní Mhurchú agus Máire Áine Nic Dhonnchadha baill foirne na hOifige Oideachais agus is í Felicity Scriver atá i gceannas orthu.

## TF agus Ríomhfhoghlaim

Lean an Rannóg TF agus Ríomhfhoghlama, atá faoi stiúir Alison Egan, le tacaíocht a thabhairt do gach ball foirne agus mac léinn, pé acu ar líne nó aghaidh ar aghaidh, ar an gcampas, lasmuigh den champas nó ar bhealach 'hibrideach solúbtha' le linn na bliana acadúla. Fuair deasc chabhrach TF & Ríomhfhoghlama 3,964 iarratas ar thacaíocht ón bhfoireann, ó mhic léinn, agus ó úsáideoirí eile na seirbhísí éagsúla teicneolaíochta IOM, sin méadú 13% ar líon iarratas na bliana acadúla roimhe sin.

Le filleadh ar sholáthar aghaidh ar aghaidh (F2F) le linn Théarma 2, tháinig méadú ar líon na n-iarratas ar thacaíocht maidir le trealamh closamhairc, fad is a bhí an fhoireann ag dul i dtaithí ar a bheith ar ais san áit oibre arís. Bhí ar léachtóirí a gcuid ranganna a theagasc ar bhealach hibrideach solúbtha, le rogha idir an seomra ranga agus cianrochtain ar fáil, aon uair nach raibh ball foirne nó mac léinn in ann a bheith i láthair sa rang ar chúiseanna sláinte.

Cuireadh na céimeanna deiridh den aistriú go seirbhísí leathanbhanda HEAnet i bhfeidhm Dé Máirt an 3 Lúnasa 2021, díreach in am don bhliain acadúil nua. Chinntigh an acmhainn mhéadaithe leathanbhanda go mbeadh nascacht mhaith ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn, agus chomh maith leis sin cuireann HEAnet nasc micreathonnach atá 'slán i gcás teipe' ar fáil ionas

go mbeidh nascacht iontaofa leathanbhanda 'aga fónaimh' 24/7 againn má theipeann ar an tseirbhís shreangnasctha chuig foirgnimh IOM.

Chuir an Rannóg FT agus Ríomhfhoghlama oiliúint in Office 365 ar fáil don fhoireann, chomh maith le hoiliúint a chur ar eagarthóirí suíomhanna gréasáin, agus maoirseacht a dhéanamh ar oiliúint agus ar fheasacht a bhaineann le cúrsaí cibearshlándála agus 'fioscaireachta' ag IOM.

## Uirlisí Ríomhfhoghlaim, oiliúint agus socrúchán ríthábhachtach

De réir mar a leanadh ar aghaidh le foghlaim ar líne le linn na bliana acadúla 2021/2022, leis an tionscnamh 'TELMiE faoi FT' bhí léachtóirí in ann a gcuid léachtaí a thabhairt, go sioncronach, go haisioncronach agus ó chian don bhliain acadúil iomlán. Rinneadh cruinnithe MS a chomhtháthú le Moodle, rud a chuir ar chumas na foirne agus na mac léinn 'bualadh' le chéile go fíorúil laistigh dá módúil den chúrsa, agus ní bhíonn aon imní ar IOM faoi iontaofacht an cheangail, mar óstáiltear na cruinnithe seo ar ardáin atá á mbainistiú agus á stiúradh againn féin. Tugadh uirlisí nua eile isteach chomh maith lena n-áirítear; uirlis Panopto um thaisceadh físeán do mhic léinn, uirlis le haghaidh comhtháthú ar fhíseáin ó Panopto go Zoom, comhtháthú uirlise 'aiseolais' Vevox, comhtháthú ar chruinnithe ar MS Teams, comhtháthú ar Boards agus comhtháthú ar thaisceadh tascanna le Advanced Turn It In. Ba iad an fhoireann Ríomhfhoghlama a rinne rolladh amach agus bainistiú ar na huirlisí seo go léir agus a chur oiliúint iontu ar fáil, agus ba é Shane Regan a dhear físeáin tacaíochta do gach comhtháthú nua.

Tháinig ionduchtúchán fíorúil FT i bhfeidhm don fhoireann agus do na mic léinn ar fad ar an 29 Lúnasa 2022, a chuireann uirlis foghlama féinluais aisioncronach díreach in am ar fáil dóibh siúd nach bhfuil taithí acu cheana ar chórais FT IOM.

## Comhdhálacha agus Saoráidí

Bhí COVID-19 i mbéal an phobail fós ag tús na bliana acadúla 2021/22. Lean Ciarán Fogarty Ceann Comhdhálacha & Saoráidí ina ról mar Oifigeach Comhlíonta COVID-19, i dteannta Ian Blount, Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta. Nuair a cuireadh ranganna aghaidh ar aghaidh ar siúl san Institiúid arís, bhí sé an-tábhachtach a chinntiú go raibh sé sábháilte a bheith ag obair, ag foghlaim agus ag staidéar in IOM. D'éirigh go breá leis seo go léir toisc go raibh prótacail i bhfeidhm againn a bhí dian ach soláimhsithe, agus de réir mar a bhí an bhliain ag dul ar aghaidh, bhí an saol ag teacht ar ais mar a bhíodh.

Nuair a tháinig feabhas ar chúrsaí COVID-19 go luath sa bhliain 2022, d'fhill cliaint ar an Ionad Comhdhála. Ní raibh an filleadh sin ródheacair ar na daoine a raibh baint acu leis seo de thoradh na n-iarrachtaí a rinneadh maidir le coinneáil i dteagmháil le cliaint le linn na paindéime. Ní raibh cúrsaí airgeadais chomh maith is a bhí siad roimh na paindéime, ach ní raibh an teacht isteach ródhona ach an oiread. Lean roinnt cliant i mbun gnó i gcónaí ach le foireann laghdaithe nó ar bhealach hibrideach ach ba dheas é seisiúin agus seimineáir aghaidh ar aghaidh a bheith ar siúl arís nó imeachtaí amhail Teiripe Ióga Éireann (Yoga Therpay Ireland), Fondúireacht Snáthaidphollta Éireann (Acupuncture Foundation of Ireland) agus Ollscoil Uladh.

Bhí athrú chun feabhais tagtha ar chúrsaí faoi mhí Aibreáin/Bealtaine 2022 agus rinneamar comhdháil mhór idirnáisiúnta a óstáil do Chumann Oideachais Múinteoirí san Eoraip (ATEE) i mí na Bealtaine 2022 chomh maith le Comhthionól Caibidle do na Bráithre Críostaí um Cháisc 2022. Caithfimid moladh a thabhairt don fhoireann FT - agus go háirithe, do Martin Lynch, Patrick Geary agus Andy Carroll as an méid oibre a rinne siad le cinntiú go bhfanfadh an trealamh agus an teicneolaíocht go léir ag oibriú gan aon deacracht.

Bhain Martin Lynch, Patrick Geary & Andy Carroll úsáid as ár dtrealamh closamhairc nua ceannaithe le haghaidh comhdhálacha den chéad uair riamh sa ghiomnáisiam, le linn an dá lá a bhí Searmanas Bronnta Céimeanna hibrideach Thionscadal na Múinteoirí Imirceacha ar siúl ann i mí Feabhra 2022. Bainfear leas as an trealamh nua seo chun tacú le comhdhálacha in IOM amach anseo, agus chun an Giomnáisiam a úsáid freisin le haghaidh ócáidí a mbeidh tinreamh mór orthu, de thoradh ar acmhainní sruthaithe cianda.

Bhí Coimisiún na Scrúduithe Stáit don Ardteist ag feidhmiú arís i mí an Mheithimh agus ina dhiaidh sin cuireadh an scoil teanga, Institiúid Chultúrtha Emerald (ECI) ar bun arís mar ghnáthscoil samhraidh do dhéagóirí idirnáisiúnta.

## Nuashonrú Airgeadais

Is é ioncam iomlán don bhliain seo, de réir na ndréachtráitis airgeadais, €16,684,695- (tá PBSA €2M níos airde ná mar a bhí sa bhliain roimhe sin) agus bhí 1313 mac léinn againn, sin méadú 3% ar líon mac léinn na bliana roimhe sin.

| | 2018-2019 | 2019-2020 | 2020-2021 | 2021-2022 |
|---|---|---|---|---|
| Total income (€000s) | €14,459 | €13,866 | €13,554 | €16,685 |
| Student Numbers | 1,065 | 1,129 | 1,278 | 1,313 |
| Growth in Student Numbers | 25% | 6% | 13% | 3% |

## Príomhúsáid Fuinnimh

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | Ídiú Gáis (Cileavatuair) | Ídiú Gáis (kWh) in Aghaidh an Mhic Léinn | Ídiú Leictreachais | Ídiú Leictreachais (kWh) in Aghaidh an Mhic Léinn | Astaíochtaí CO2 (Tonaí) | Astaíochtaí CO2 (Tonaí) in Aghaidh an Mhic Léinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Base year 2014 | 1,955,460 | 2,566 | 779,623 | 1,023 | 650 | 0.85 |
| 2015 | 1,316,864 | 1,577 | 650,722 | 779 | 499 | 0.59 |
| 2016 | 1,413,215 | 1,692 | 643,534 | 770 | 496 | 0.59 |
| 2017 | 1,561,179 | 1,838 | 604,208 | 711 | 484 | 0.57 |
| 2018 | 1,748,938 | 1,642 | 575,972 | 540 | 489 | 0.46 |
| 2019 | 1,816,864 | 1,590 | 584,733 | 512 | 483 | 0.42 |
| 2020 | 1,472,301 | 1,142 | 468,434 | 363 | 380 | 0.30 |
| 2021 | 1,298,886 | 989 | 390,647 | 298 | 330 | 0.25 |

Tá astaíochtaí nach beag CO2 gach mac léinn in IOM ag titim de réir a chéile ó rinneadh an tionscadal mórscála éifeachtúlachta fuinnimh sa bhliain 2014/2015 i gcomhar le Veolia Ireland. Tá cúnamh deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) mar chuid den infheistíocht seo.

Léiríonn sé freisin na héifeachtúlachtaí atá bainte amach in aghaidh an mhic léinn mar gheall ar an méadú atá tagtha ar líon na mac léinn atá ag freastal ar IOM. Ba í paindéim COVID-19 freisin ba chúis le laghdú ar ár n-úsáid fuinnimh le linn na bliana 2021/22 óir bhí líon níos lú mac léinn i láthair ar champas IOM le linn na bliana. Úsáidimid an mhodheolaíocht tuairiscithe carbóin Ghnó sa Phobal (BITC) le haghaidh gáis agus leictreachais chun ár n-astaíochtaí CO2 a ríomh. De réir mar a ghintear níos mó foinsí in-athnuaite in Éirinn, tá an leictreachas ar an gcóras tarchurtha ag éirí níos glaine bliain ar bhliain, agus dá bhrí sin tá an fachtóir um astaíochtaí carbóin ag laghdú, rud a chuireann leis an laghdú sin ar astaíochtaí CO2.

# Freagairt COVID-19 IOM

**Dé réir mar atá paindéim dhomhanda COVID-19 ag cur isteach ar ár saol in earnáil an oideachais, déanann IOM monatóireacht ar athruithe, tagann sí rompu agus déileálann sí leo ar bhonn leanúnach, d'fhonn sláinte ár bhfoirne, ár mac léinn agus an phobail i gcoitinne a chosaint.**

## Covid-19 agus Filleadh Sábháilte ar an gCampas

Bhí paindéim dhomhanda COVID-19 ag déanamh tinnis dúinn i gcónaí in IOM agus sinn ag dul isteach sa bhliain acadúil 2021/2022. Bhuail Coiste COVID-19 le chéile uair sa choicís le linn na bliana acadúla seo, agus ba iad seo leanas baill an choiste sin; ár gCláraitheoir an Dr Seán Delaney a bhí ina chathaoirleach air, ár n-oifigigh comhlíonta COVID-19, ionadaithe ón bpobal i gcoitinne, agus ionadaithe foirne agus mac léinn. Tháinig Coiste COVID-19 ar chomhaontú go reáchtálfaí ranganna aghaidh ar aghaidh dá mbeadh níos lú ná 65 mac léinn i láthair, ach go reáchtálfaí ranganna níos mó ná sin ar líne.

Athosclaíodh IOM i lár mhí Lúnasa 2021 le hionduchtúchán seachtaine do bhaill foirne nua. Le linn an phróisis seachtaine seo, chuir Stiúrthóir Acmhainní Daonna Róisín Sullivan fáilte roimh an bhfoireann nua ar fad, agus roimh bhaill foirne a thosaigh ag obair linn i rith na bliana. Bhí cruinniú foirne ann don fhoireann ar fad chomh maith le lón dóibh ar an 26 Lúnasa. D'fhill ár mic léinn na bliana deiridh ar an gcampas ar an 30 Lúnasa, agus cuireadh próiseas ionduchtúcháin ar fáil go speisialta dár gcohórt sa dara bliain an tseachtain sin. Díríodh ar theacht aniar agus ar fholláine na mac léinn ag na ceardlanna seo, agus ba é Shane O'Sullivan ó Inspiring Excellence a rinne éascaíocht orthu.

B'éigean don fhoireann agus do mhic léinn maisc a chaitheamh taobh istigh, nuair a bhí an campas ar oscailt arís. Bhí cead ag léachtóirí a masc a bhaint dá n-aghaidh, ar an gcoinníoll go raibh siad dhá mhéadar nó níos mó ó na mic léinn i gcaitheamh an ranga. Rinneadh monatóireacht ar an aeráil, agus rinneadh aonaid aerála a shuiteáil i spásanna teagaisc chun tástáil a dhéanamh ar an aer agus chun é a íonú. Cuireadh dhá sheomra i leataobh mar sheomraí leithlise COVID-19 ar eagla go mbeadh siomptóim ar aon mhac léinn nó ar aon bhall foirne.

Is mór an teist ar thiomantas fhoireann IOM é go raibh siad in ann dul i dtaithí ar chúrsaí síorathraitheacha, lena n-áirítear ráig den ghalar COVID-19 i measc ár gcohórt B.Ed., rud a spreag sinn chun filleadh ar oiliúint ar líne amháin go ceann sé lá d'fhonn 'bac' a chruthú chun leathadh an víreas a laghdú.

Bhí foireann agus mic léinn IOM incháilithe le haghaidh freastal ar thob-ionad vacsaínithe Choláiste na Tríonóide ar an 27 agus ar an 29 Meán Fómhair. Deis iontach ba ea é seo dár bpobal chun vacsaíniú a fháil dá mbeadh gá leis.

Chuir an tOllamh Eugene Wall ó Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach comhairle oifigiúil ar IOM chun iad a choimeád ar an eolas, fear a d'fhreastail ar chruinnithe DFHERIS COVID-19 go rialta mar ionadaí thar ceann na gcoláistí beaga neamhailínithe. Chinntigh sé seo go rabhamar ar an eolas i gcónaí faoi threoirlínte nua, faoi chomhairle maidir le teacht mac léinn idirnáisiúnta, agus faoi na cuir chuige mholta maidir le filleadh go sábháilte ar an gcampas.

Bhronn DFHERIS maisc aghaidhe ar IOM lena dtabhairt do gach ball foirne agus mac léinn, agus thug an Roinn Oideachais deontais breise airgid don Institiúid chun tacú le bearta COVID-19 ar an gcampas.

B'fhiú go mór é an t-am agus na hacmhainní a caitheadh chun a chinntiú go raibh an campas sábháilte: bhí áthas ar an bhfoireann agus ar na mic léinn araon a bheith ar ais i ranganna aghaidh ar aghaidh, agus bhí saol ar an gcampas beo bríomhar ag tús an téarma.

## Cur chuige an dara téarma i leith COVID-19

Ag tús na bliana 2022, thuigeamar gur cheart dúinn a bheith ar an airdeall i gcónaí mar ní raibh deireadh le paindéim dhomhanda COVID-19 fós. Nuair a tháinig maolú ar shrianta sláinte poiblí in Éirinn, áfach, chloígh IOM leis an gcomhairle oifigiúil agus cuireadh tús le ranganna aghaidh ar aghaidh arís do gach duine ag tús mhí Feabhra, seachas do chúrsaí páirt aimseartha agus deireadh seachtaine. Rinneadh maolú ar na srianta níos túisce ná mar a bhí súil leis, agus bhí gá le roinnt athruithe a dhéanamh ar an gclár ama.

Bhí maidin chaife againn don fhoireann ar fad ag tús mhí Feabhra díreach nuair a tháinig maolú ar shrianta sláinte poiblí, ach thuigeamar go raibh roinnt ball foirne agus mac léinn buartha faoi fhilleadh ar an gcampas, agus mar sin choimeádamar bearta áirithe i bhfeidhm fós. Roimhe sin, iarradh ar bhaill foirne agus ar mhic léinn tástáil antaigine a dhéanamh orthu féin aon lá a raibh siad i dteagmháil le daoine ar an gcampas, ach d'athraigh cúrsaí agus ansin níor iarradh orthu ach tástáil antaigine a dhéanamh uair sa tseachtain ábhartha. Bhí tástálacha antaigine ar fáil saor in aisce do na mic léinn agus don fhoireann ar fad.

Le linn an ama sin, b'éigean do chách maisc a chaitheamh taobh istigh (ach amháin nuair a bhí siad ag ithe nó ag ól) agus bhí scagairí ardéifeachtúla cáithníní aeir suiteáilte i roinnt seomraí ranga.

D'fhill an fhoireann ar an gcampas diaidh ar ndiaidh, i gcomhréir le treoirlínte sláinte poiblí, agus bhain roinnt ball foirne leas as an Scéim um Obair ón mBaile ar bhonn Píolótach, a lig dóibh iarratas a dhéanamh ar obair ón mbaile lá iomlán amháin nó dhá leathlá sa tseachtain.

Bhí gníomhaíochtaí na mac léinn faoi bhláth arís, lena n-áirítear ár bhfoirne CLG a bhí amuigh ar na páirceanna ag imirt sna sraitheanna éagsúla arís agus ár gcumann drámaíochta a bhí ag dul i dtaithí ar bheith ag cleachtadh arís.

Bhí an bhliain acadúil 2021/2022 dúshlánach ar go leor bealaí de bharr COVID-19, d'ainneoin gur tháinig maolú ar na srianta. Bhí sceideal oibre na foirne agus na mac léinn thar a bheith casta de thoradh ar an neamhchinnteacht a bhain le hócáidí nó le comhdhálacha a reáchtáil, agus de thoradh ar an ngá le bheith solúbtha maidir le Socrúchán Scoile chun gur féidir le mic léinn dul ag obair mar mhúinteoirí ionaid i scoileanna. Mar sin féin, ní raibh aon fhadhbanna teagmhála, tiomantais nó leanúnachais againn i dtaca lenár mic léinn de thoradh ar ghairmiúlacht den scoth ár bhfoirne, gan trácht ar fhuinneamh agus ar thiomantas gach éinne.

Chuir ár n-Oifigigh Chomhlíonta COVID-19 Ciarán Fogarty agus Ian Blount agus ár gCoiste COVID-19 faoi chathaoirleacht an Dr Seán Delaney, comhairle den scoth ar fáil do chách le linn na paindéime go dtí seo. Táimid fíorbhuíoch díobh go léir as ucht a gceannaireachta le dhá bhliain anuas.

## Oideachas le linn ré COVID-19

Ghlac an Dr Aimie Brennan páirt i mionchlár faisnéise faoi Theagasc agus Foghlaim san ardoideachas le linn ré COVID-19. Ba é an Fóram Náisiúnta um Theagasc agus um Fhoghlaim a Fheabhsú a rinne an clár faisnéise seo mar chuid den tionscadal 'Next Steps', a sheol an tAire Harris ar an 10 Samhain san RDS (Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath), Baile Átha Cliath.



# Freagairt IOM ar an gCogadh san Úcráin

**Cáineann pobal IOM ionradh brúidiúil Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin, agus tá bratach na hÚcráine ar foluain os cionn an champais againn mar chomhartha go bhfuilimid ag seasamh gualainn ar ghualainn le muintir na tíre sin.**

Tá IOM, Rialtas na Éireann agus an pobal i gcoitinne an-bhuartha faoi chás na hÚcráine, agus go háirithe faoin sárú ar dhlí idirnáisiúnta agus faoi chás tragóideach na ndaoine atá ag fulaingt agus á marú gan ghá. Ní foláir dúinn cuimhneamh nach dtacaíonn líon mór Rúiseach le gníomhartha Chónaidhm na Rúise agus go gcuireann an t-ionradh agus gach a n-eascraíonn as isteach go mór orthu.

Tugann an Institiúid tacaíocht dár mic léinn Úcránacha agus Rúiseacha atá buailte go dona ag an ngéarchéim, agus leanfaimid orainn chomh fada agus is gá.

## Nasc-Chlár tacaíochta do mhúinteoirí ón Úcráin

De réir mar a bhí ionradh na Rúise ar an Úcráin ag titim amach in earrach agus i samhradh na bliana 2022, chinn IOM tacaíocht a thabhairt do chóras oideachas na hÚcráine.

D'fhreastail foireann IOM a raibh baint acu leis an Tionscadal um Múinteoirí Imirceacha, an Dr Garret Campbell, An Dr Gene Mehigan agus An Dr Rory McDaid ar chruinniú lena soilse Larysa Gerasko, Ambasadóir na hÚcráine chun na hÉireann. Bhí an cruinniú dírithe ar thuiscint a fháil ar chóras oideachais na hÚcráine agus ar an bpróiseas clárúcháin do mhúinteoirí ann.

Tar éis iarratas ar mhaoiniú, chuir an Tionscadal um Múinteoirí Imirceacha moladh isteach maidir le Nasc-Chlár a chur ar bun do mhúinteoirí ón Úcráin a thagann chun na hÉireann.

## Tionscnaimh Séiplíneachta ar son na hÚcráine agus na síochána

I mí na Bealtaine, d'fhonn leanúint le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn Úcránacha agus don phobal i gcoitinne, chuir an tSéiplíneacht íocón álainn de Mhuire na hÚcráine ar taispeáint sa láthair fáiltithe. Cuireadh ribíní beaga i ndathanna bhratach na hÚcráine ag an bhFáiltiú chomh maith le bosca bailiúcháin do dhaoine chun síntiúis a thabhairt do Chros Dhearg na hÉireann seachas íoc as na ribíní sin. Tugadh stádas ar leith do bhinse agus do chrann lasmuigh den Fháiltiú, mar spásanna ina bhféadfadh daoine ribíní buí nó gorma a cheangal leo mar chomhartha dlúthpháirtíochta, agus foilsíodh cártaí a raibh paidir don Úcráin orthu ar iarratas ó Shéiplíneacht IOM chun daoine a spreagadh chun paidreacha a rá ar son na síochána.

## Sraith de Sheimineáir Ghréasáin ar chúrsaí oideachais san Úcráin

Rinne an Dr Rory McDaid sraith de sheimineáir ghréasáin a chomhreáchtáil ag a ndearnadh príomhghnéithe chóras oideachais na hÚcráine a chur in iúl is a phlé. Reáchtáladh an chéad cheann díobh seo ar an 11 Bealtaine agus ba í an Dr Natilya Horuk,Ollscoil Náisiúnta Ivan Franko Lviv, an Úcráin a rinne an cur i láthair . Reáchtáladh an tsraith i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Vín, le hOllscoil Basel agus le hOllscoil Koblenz-Landau.

## Siompóisiam Litearthachta ar son na hÚcráine

Mar chuid de sheimineár gréasáin a reáchtáladh chun airgead a bhailiú don Achainí um Ghéarchéim san Úcráin, chomhoibrigh an Clara Fiorentini leis an Dr Jennifer O'Sullivan, leis an Dr Treasa Bowe agus le Dee O'Toole ar shiompóisiam ag deireadh mhí an Mhárta - d'fhreastail breis agus 270 múinteoir air agus bailíodh €5251.94 san iomlán.

# Seoladh Plean Straitéiseach 2021-2026

## Leagtar Conair Amach Dúinn sa Phlean Straitéiseach

Seoladh Plean Straitéiseach 2021-2026: Ócáid thábhachtach i saol Institiúid Oideachais Marino ba ea *Education Transforming Lives* a reáchtáladh ar an 10 Samhain.

Ní hamháin gurbh í seo an chéad mhórócáid gnó aghaidh ar aghaidh a reáchtáladh ó thús ré COVID-19, ach léiriú freisin ba ea í ar spiorad an phobail agus ar theacht le chéile chomh maith le deis chun an obair chrua a rinneadh le míonna anuas a chomóradh.

Thug an tAire Simon Harris ardmholadh do IOM as méid agus fairsinge na n-imeachtaí a reáchtáil siad, agus bhí áthas orainn fáilte a chur roimhe agus roimh ár n-aíonna uile.

Foilsiú fíorthábhachtach is ea an Plean Straitéiseach a leagann conair amach dúinn do na blianta amach romhainn agus a bheidh ina threoir dúinn sna laethanta maithe agus sna drochlaethanta, amhail na cinn a bhí againn le déanaí.

Cuireadh an Plean seo le chéile le linn tréimhse an-dúshlánach ar fad, ach bhí gach uile dhuine dár bpobal breá ábalta ag na dúshláin seo ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Táimid bródúil as na daoine go léir a raibh baint acu leis an bplean fadradharcach seo a dhearadh, agus a chur i gcrích, agus gabhaimid buíochas le Foireann Choiste Phlean Straitéiseach 2021-2026.

Seo plean le haghaidh agus i gcomhair gach duine in IOM agus an pobal lena mbainimid, agus trí bheith ag obair le chéile air, cuirfimid síol a rachaidh chun tairbhe don oideachas in Éirinn agus ar fud na cruinne.



# Teagasc agus Foghlaim
## Nuálaíocht ag IOM

### Ag bogadh ar aghaidh i gcónaí

Le linn na bliana acadúla 2021/2022, tacaíonn foireann IOM le hoidí na hÉireann agus cuireann siad lena dtaithí ar bhonn leanúnach trí ranganna agus trí sheimineáir ghréasáin um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a reáchtáil. Áiríodh leis seo, seisiúin a bhain le foghlaim lasmuigh, le spraoi, leis an rang dialógach agus le cleachtas agus eolas a fheabhsú.




### Bronnadh Suaitheantais Dhigiteacha ar Fhoireann IOM

Bronnadh an Suaitheantas Digiteach um Dhearadh Uilíoch don Teagasc agus don Fhoghlaim ar Breed Murphy, ar Fheargal Ó Laighin, ar Richeal Ní Thiarnaigh, agus ar Eileen Keane Niland óir chríochnaigh siad an cúrsa ar líne 'Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil', a d'éascaigh AHEAD agus COBÁC i gcomhpháirtíocht leis an bhFóram Náisiúnta um Theagasc agus um Fhoghlaim a Fheabhsú.

Bronnadh an Suaitheantas Digiteach um Rannpháirtíocht Iontaofa Mac Léinn i gCinnteoireacht ar Cliodhna Martin agus ar Aimie Brennan air an 20 Eanáir. Bronnadh an Suaitheantas Digiteach seo orthu nuair a chríochnaigh siad an chéad chomhchlár a bhunaigh an Clár Náisiúnta um Rannpháirtíocht mac léinn (NStEP) agus an Fóram Náisiúnta um Theagasc agus um Fhoghlaim a Fheabhsú.

### Tionscnamh Nua Meantóireachta do Thaighdeoirí Luath-Ghairme sa tsocheolaíocht

Cuireadh Tionscnamh Nua Meantóireachta do Thaighdeoirí Luath-Ghairme sa tsocheolaíocht ar bun i Mí an Mhárta 2022, an chéad cheann dá shórt agus tá baint ag IOM leis. D'oibrigh an Dr Lisa Moran, (Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge), an Dr John O'Brien (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), an Dr Anna Bussu (Ollscoil Edge Hill, an Ríocht Aontaithe), an Dr Aimie Brennan (IOM) agus an Dr Bernadine Brady (OÉG) i gcomhpháirtíocht lena chéile ó 2021 chun an scéim nua meantóireachta seo a fhorbairt do thaighdeoirí luath-ghairme i réimse na socheolaíochta. Sheol Cumann Socheolaíochta na hÉireann é agus chuir an Dr Anna Bussu tús leis ar an 7 Márta le hoiliúint ar 'Thacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí luath-ghairme sa tSocheolaíocht'. Cuireadh oiliúint meantóireachta faoin tionscadal seo ar fhoireann socheolaithe gairmiúla in Éirinn, agus anois déanfar iad a phéireáil le taighdeoirí luath-ghairme, le bheith ina gcairde criticiúla neamhspleácha a dhéanfaidh FGL, conair ghairme agus deiseanna ar phoist a phlé leo.

### Físeáin SAGE faoi scileanna taighde

Ghlac an Dr Aimee Brennan páirt i dtionscadal Rochtana Oscailte a chuir SAGE ar fáil. Tugtar 'Eitic agus Macántacht sa Taighde' air, agus is é atá ann ná foireann nua acmhainní laistigh d'ardán Modhanna Taighde SAGE ar a dtugtar 'Methodspace'. Bhí ionchur ag an Dr Brennan i bhfís-fhoilseacháin faoi 'Phrótacail Bhailíochta & Iontaofachta sa Taighde Oideachais' agus faoi 'Threoirlínte Eitice don Taighde Oideachais'. Rinneadh scannánú ar na físeáin seo i mí na Samhna 2021, agus bainfear úsáid astu go príomha i dteagasc sna hollscoileanna agus beidh siad ar fáil do gach mac léinn agus taighdeoir luath-ghairme a bhfuil de dhíth orthu a gcuid scileanna agus eolais a fheabhsú d'fhonn taighde eiticiúil a dhéanamh.

## Máistreacht sa Léann Oideachais ag IOM - cúrsa ar líne nach raibh a leithéid ann riamh cheana

Tá gaisce déanta ag IOM maidir lena cúrsa nua Máistreachta sa bhunoideachas matamaitice atá ar fáil ar líne amháin, mar is é seo an chéad chúrsa ar líne dá shórt a fuair creidiúnú ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Rinneadh athbhreithniú mionchúiseach idir inmheánach agus sheachtrach air, agus rinneadh é a threorú tríd an bpróiseas creidiúnaithe le linn na bliana acadúla 2021/2022, agus is iomaí mac léinn ionchasach a léirigh spéis ann nuair a fógraíodh go poiblí é den chéad uair. Tréaslaímid leis an gCláraitheoir agus Leas-Uachtarán (Gnóthaí Acadúla), an Dr Seán Delaney, atá ina cheannaire ar an gclár Máistreachta, agus le Breed Murphy, le Sorcha Browne, leis an Dr Maja Haals Brosnan, leis an Dr Bridget Flanagan, leis an Dr Rory McDaid, leis an Dr Andrea Uí Chianáin agus le Miriam Colum a dhear modúil don chúrsa nuálach seo. Ba iad foireann Ríomhfhoghlama IOM, faoi stiúir Shane Regan, a dhear teimpléid ar líne do gach modúil den chéim nua Mháistreachta, agus bunaíodh an modh ar phrionsabail agus teoiric iontaofa um dhearadh teagaisc lena n-áirítear dearadh uilíoch don fhoghlaim.

## Scoil Gheimhridh Idirnáisiúnta ar Líne

Rinne an Dr Julie Uí Choistealbha agus an Dr Aimie Brennan an dara Scoil Gheimhridh Idirnáisiúnta ar líne a óstáil i mí na Samhna 2021. Fuair an Scoil Gheimhridh maoiniú ón bhFóram Náisiúnta um Theagasc agus um Fhoghlaim a Fheabhsú agus rinneadh fógraíocht uirthi mar chuid den Chlár Náisiúnta do sheachtain VIT&L. Fuair na mic léinn agus an fhoireann ar fad cuireadh chun freastal ar cheardlanna ag a ndearnadh plé ar na téamaí seo a leanas: Féiniúlacht Ghairmiúil; Cleachtas bunaithe ar Thaighde; Comhoibriú agus Cleachtas Machnamhach. D'fhreastail aoichainteoirí agus daoine eile as scoileanna, as ollscoileanna agus as eagraíochtaí eile ar fud na hÉireann, na Fionlainne, na Ríochta Aontaithe, SAM, agus Eacuadór. Rinne an Dr Garret Campbell (Global Schoolroom), an Dr Wing-kai To (Ollscoil Stát Bridgewater, SAM), an Dr Jennifer Shearman (Ollscoil Canterbury, an Ríocht Aontaithe), agus Andrew Sherman (Colegio Menor in San Francisco de Quito, Eacuadór) éascaíocht ar sheisiúin, agus ghlac siad páirt i gcomhchainteanna faoi chleachtas gairmiúil.

## Bonnchlár Idirnáisiúnta

Tá an Bonnchlár Idirnáisiúnta (IFP) ag dul ó neart go neart, le 103 mac léinn ag freastal air i mbliana, an líon is mó go dtí seo, sin méadú 24% ar líon na bliana anuraidh, agus tháinig na mic léinn sin as 25 tír éagsúla - An Bhanglaidéis, Barbadós, an Bhrasaíl, an tSile, an tSín, Hong Kong, an Iaráin, Éire, an tSeapáin, an Iordáin, an Chéinia, Cuáit, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an Mhongóil, Maenmar, an Nigéir, Óman, Panama, an Rúis, an Araib Shádach, Singeapór, an Chóiré Theas, an Tuirc agus an Úcráin. I mí na Samhna 2021, thug an tOllamh Emma Stokes, Declan Coogan, Jacinta Ryan, agus Clíodhna Martin cuairt ar IOM mar chuid de Choiste Stiúrtha an Bhonnchláir Idirnáisiúnta agus síníodh an chéad chonradh trí bliana eile chun an Clár a choimeád ar siúl.

## Cúrsaí Samhraidh 2022

Chuir Institiúid Oideachais Marino réimse leathan cúrsaí praiticiúla spreagúla samhraidh ar bun, le linn na chéad seachtaine de mhí Iúil 2022. Rinneadh cúrsa cumaisc amháin agus sé chúrsa aghaidh ar aghaidh a sholáthar in IOM ón 4 Iúil go dtí an 8 Iúil, chomh maith le trí chúrsa eile ar líne le linn mhí Iúil. Bronnadh teastais EPV ar 922 mhúinteoir tar éis dóibh na cúrsaí seo a chríochnú go rathúil.

## Comhpháirtíocht Oideachais Ionchuimsithigh IOM le grúpa Theach Naomh Mícheál

I mí Mheán Fómhair na bliana 2021, chuaigh IOM i gcomhpháirtíocht nua leis na sé scoil i nGrúpa Theach Naomh Mícheál Baineann ionchur ó fhoireann na scoileanna leis an gcomhpháirtíocht chómhalartach seo, ionchur faoi gach gné den oideachas agus den oiliúint speisialta ionchuimsitheach a chuireann Miriam Colum ó IOM ar fáil d'fhoireann na scoileanna. Cuireadh tús leis an tionscnamh ar an 15 Meán Fómhair nuair a labhair Karen, príomhoide Theach Naomh Mícheál, na Sceirí lenár gcohórt BEd4 faoi Ionchuimsiú, faoi Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim,(UDL) agus faoi cheannaireacht múinteoirí.

# Saol na Mac léinn agus Cúrsaí Spóirt

## Dream mór spóirt

Bíonn áthas orainn i gcónaí nuair a ghlacann ár mic léinn páirt i ngníomhaíochtaí spóirt - baineann obair foirne, smacht, cairdeas agus aclaíocht le spórt agus cuireann sé seo go mór le forbairt agus le folláine na mac léinn. Agus rud eile, ná déanaimis dearmad ar an spraoi!

Bhí ár nOifigeach CLG, Denis Forde, an-ghnóthach le linn na bliana acadúla seo, mar bhí go leor cluichí dúshláin sa pheil (fir agus mná), san iomáint agus sa chamógaíocht ar siúl gach seachtain le linn an chéad téarma den bhliain 2021.

D'imir 190 mac léinn as cúrsaí éagsúla don Institiúid, agus tháinig 120 mac léinn eile chun traenáil a dhéanamh ach níor imir siad i gcluichí. Chuireamar béim ar leith ar chohórt na chéad bhliana i mbliana, agus bhí baint éigin ag 133 de na 344 mhac léinn a chláraigh linn (cúrsaí fochéime nó PMW1) le gníomhaíochtaí CLG. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Denis agus leis na cóitseálaithe ar fad, roinnt mhaith acu ina mic léinn nó ina gcéimithe.

Bhí an-áthas againn ag IOM go raibh an bua againn san iománaíocht i gcraobhchomórtas Fergal Maher. Thaisteal an fhoireann agus an lucht leanta go dtí Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach chun imirt sa chluiche leathcheannais in aghaidh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo ar an 19 Feabhra, agus ina dhiaidh sin d'imir siad sa chluiche ceannais in aghaidh Choláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste ar an 20 Feabhra. Lá fliuch gaofar a bhí ann, ní raibh an aimsir ró mhaith i gcomhair cluiche iománaíochta, ach bhí an lá ag IOM, agus Marino 2 – 16, Naomh Muire 2 - 6 an scór deiridh. Déanaimid comhghairdeas ó chroí leis an bhfoireann a bhí faoi stiúir captaen na foirne Matthew Comerford, agus leis an bhfoireann bainistíochta, Maitias Mac Donnchadha, Martin Gillespie, Cian O'Brien agus Fiach Ó Béarra.

Ansin chuaigh Foireann Peile Ban IOM chomh fada leis an gcluiche ceannais, (Corn Donaghy) in aghaidh OCBÁC ar an 8 Márta. Níor éirigh linn áfach, agus tréaslaímid le OCBÁC as a mbua. Níl le rá againn le Eimhin Quinn (Captaen IOM), le Jonathan Rock (bainisteoir na foirne) agus leis an bhfoireann ar fad, ach maith sibh. Guímid gach rath orthu amach anseo. Marino Abú!

Comhghairdeas ó chroí leis an bhFoireann Chispheile nuabhunaithe a bhain an cluiche ceannais amach ina gcéad Sraith iomaíoch. Ar an drochuair, bhuaigh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo orthu sa chluiche ceannais ar an 16 Márta, ach ghlac an fhoireann go huasal leis an díomua. Tréaslaímid leis an bhfoireann ar fad, ach le Nia Ní Chinnéide, go háirithe mar ní hamháin gurb í bainisteoir na foirne í ach imríonn sí ar an bhfoireann chomh maith, agus tréaslaímid leis an Dr Suzy Macken a thugann tacaíocht don fhoireann.

Comhghairdeas chomh maith le Aoife Doyle (BEd 2), a bhí ar Fhoireann Rugbaí na hÉireann a d'imir in aghaidh na Seapáine ar an 20 Samhain.



## Let’s talk science sa chistin

Ghlac grúpa de dháréag mac léinn IFP páirt san ‘Aonach Let’s Talk Science’ ag Ionad Rediscovery, Baile Munna le linn Sheachtain na hEolaíochta, nuair a chuir siad cúpla turgnamh ‘eolaíocht cistine’ ar bun agus chaith an lá ar fad ag caint leis an bpobal. Bhain siad an-taitneamh as an lá agus fuarthas aiseolas dearfach maidir leis an imeacht. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Dr Sandra Austin agus le Derek Murphy as meantóireacht a dhéanamh ar mhic léinn BEd4 agus IFP agus as tacaíocht a thabhairt dóibh ag ceardlanna foghlama piarchuidithe comhoibríocha um thurgnaimh agus cumarsáid san eolaíocht.

## Aitheantas a thabhairt do mhic léinn



Comhghairdeas le Jane Friel, Bed 4 ar bronnadh Gradam Crógachta uirthi i mí na Samhna. Shábháil Jane, ar garda tarrthála cáilithe í, athair agus a thriúr iníonacha agus iad i mbaol a mbáite san fharraige amach ó chósta Dhún na nGall i mí Iúil.



Tréaslaíonn IOM le Fionnuala Donlan chomh maith, ar mac léinn MGO1 í - bhronn Uachtarán na hÉireann Mícheál D Ó hUiginn bonn óir Sheáin Uí Riada don chruitireacht uirthi in Áras an Uachtaráin i mí Dheireadh Fómhair.

## Searmanas bronnta trófaithe don chultúr, don obair phobail agus don spórt

Bronnadh trófaithe ar roinnt mac léinn in ómós don mhéid a bhain siad amach agus an don obair mhór a rinne siad i réimsí na hoibre pobail, an chultúir agus an spóirt le linn na bliana in IOM. Bhronn an tUachtarán, an tOllamh Teresa O’Doherty, na gradaim orthu ag searmanas speisialta ar an 30 Bealtaine 2022 nuair a bhí na mic léinn agus baill dá dteaghlaigh i láthair. Rinne Cillian McCabe agus Shauna Cassidy an ócáid a chomheagrú in Oifig an Chláraitheora.

## IOM agus an Clár Náisiúnta um Rannpháirtíocht Mac Léinn (NStEP)

Tá tiomantas uaillmhianach do rannpháirtíocht na mac léinn i saol an choláiste leagtha amach i bPlean nua Straitéiseach IOM. I mí Dheireadh Fómhair 2021, rinneadh Ball Institiúideach de IOM sa chlár NStEP, clár a reáchtálann HEA, QQI agus USI i gcomhar lena chéile. Mar Bhall Institiúideach, tá rochtain ag IOM ar réimse tacaíochtaí agus clár, lena n-áirítear; oiliúint d’Ionadaithe Ranga, rochtain ar oiliúint agus acmhainní don fhoireann agus rochtain ar imeachtaí náisiúnta agus ar sheimineáir ghréasáin i gcomhar le USI agus le StudentSurvey. Thug triúr ball foirne IOM faoin gcúrsa oscailte a d’éascaigh NStEP ar a dtugtar ‘Steps to Partnership’ sa bhliain 2021, agus reáchtáladh cruinniú tosaigh i mí na Samhna 2021 idir NStEP, Aontas Mac Léinn IOM agus IOM d’fhonn tús a chur le hobair rannpháirtíochta le mic léinn.

Reáchtáladh an chéad ócáid i mí an Mhárta, Ceardlann Anailíse Institiúideach ‘Tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus do mhic léinn ar fud na hearnála d’fhonn cultúr rannpháirtíochta a chothú’. Ba iad Ellen O’Connell (Uachtarán Aontas na Mac Léinn) agus an Dr Aimee Brennan a reáchtáil an cheardlann agus ba é Oisín Hassan a rinne an éascaíocht. Tugadh cuireadh don fhoireann agus do mhic léinn as ranna agus cláir uile IOM chuig an gceardlann seo. Spás comhoibríoch a chur ar fáil do rannpháirtithe chun machnamh a dhéanamh ar chleachtais rannpháirtíochta mac léinn san institiúid an aidhm a bhí ag an gceardlann seo, a chabhraigh leo chun gníomhaíochtaí a aithint maidir le himeachtaí feabhsaithe agus rannpháirtíochta. Tá torthaí na gceardlann ina mbonn eolais do ghrúpa oibre nua comhpháirtíochta na mac léinn .

## Bronnadh na gCéimeanna aghaidh ar aghaidh

Bhí an-áthas orainn a bheith i láthair nuair a bronnadh céimeanna ar chéimithe 2020 ag searmanas ar an 19 Eanáir 2022. Seo iad na céimithe a mbeadh a gcéim faighte acu ó cheart i mí na Nollag 2020, ach bhí an deis acu faoi dheireadh, agus bhí siad in ann a gcuid éachtaí acadúla a cheiliúradh ag dhá shearmanas bronnta. Bhí ríméad agus lúcháir le brath sa halla nuair a bhí ár gcéimithe in ann teacht le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhronnadh a gcéimeanna. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le hOifig an Chláraitheora i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath as na searmanais seo a reáchtáil.

## Mic Léinn ag obair ó '9 go 5'

D'éascaigh an Dr Elaine Clotworthy an ceoldráma faoi stiúir na mac léinn ó '9 go 5' (teideal a aithneoidh lucht tacaíochta Dolly Parton), ceoldráma a bhí ar stáitse i amharclann Liberty Hall ón 6 go 8 Márta agus ar fhreastail breis is 800 duine air. Tugaimid ómós chomh maith do na mic léinn go léir a rinne obair dHeartha agus cHóiréagrafaíochta ar an léiriú iontach seo ar neamh-chomhionannas inscne san áit oibre sna 1970idí-1980idí, agus dóibh siúd a chuir i láthair é. Comhghairdeas le Katie Donoghue, Conor Mulligan, Elaine Clotworthy agus leis an bhfoireann agus leis an gcriú ar fad. Bhí an léiriú thar a bheith proifisiúnta ó thús go deireadh agus ba léiriú é ar bhuanna dochreidte ár mac léinn. Comhghairdeas ó chroí le gach éinne a bhí páirteach ann.

## 'TÁ' le IOM de réir StudentSurvey

Bhí an ráta freagartha ab airde sa tír ag IOM i suirbhé na bliana 2022, 49.3% ag IOM i gcomparáid le 27.8% ar an meán ag institiúidí eile. Ghlac 303 mac léinn san iomlán páirt sa suirbhé (136 mac léinn céad bhliana, 88 mac léinn na bliana deireanaí agus 79 mac léinn iarchéime). Ba í an Cláraitheoir Cúnta Shauna Cassidy a bhí i gceannas ar bhailiú sonraí don suirbhé. Rinne oifigeach taighde IOM an Dr Luciana Lolich anailís mhionsonraithe ar na sonraí,

Dúirt beagnach naonúr as deichniúr (89.4%) mac léinn go mbeidís "sásta, is dócha" nó "sásta gan dabht ar bith" freastal ar IOM arís dá mbeidís ag tosú arís - b'shin ceann de thorthaí an tsuirbhé a sheasann amach.

Tháinig ardú ar an gcuid is mó de tháscairí i gcomparáid le torthaí na bliana anuraidh, agus ba ríléir é seo maidir le Comharfhoghlaim, leis an gcaidreamh idir na Mic Léinn agus an Dámh agus le Caighdeán na nIdirghníomhaíochtaí. Tháinig feabhas nach beag ar an gcaidreamh idir na mic léinn agus an Dámh i gcomparáid le 2021, d'oibrigh mic léinn le baill foirne acadúla ar ghníomhaíochtaí nach obair chúrsa iad (coistí, grúpaí mac léinn srl.) agus rinne siad topaicí ar an gcúrsa, smaointe nó coincheapa a phlé le baill foirne acadúla lasmuigh de ranganna sceidealaithe, de ranganna teagaisc, de ranganna saotharlainne agus de ranganna stiúideo.



# Inbhuanaitheacht

## Múiríniú ar an gcampas

Táthar ag glacadh le múiríniú mar ghnáthchuid den saol ar champas IOM. Thug Craig Benton, sainchomhairleoir ó Mhúiríniú Éireann cuairt ar IOM i mí Mheán Fómhair na bliana 2021 chun plé a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh IOM ina heiseamláir maidir leis an gclár nua Múiríniú do Scoileanna, clár a sheol na ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath. Bhuail an Dr Sandra Austin agus Ciarán Fogarty le Craig chun é a thabhairt ar cuairt timpeall an champais agus chun plé a dhéanamh ar an tslí a ndéanaimid bainistíocht ar an tírdhreach faoi láthair agus ar shlite chun dramhaíl tírdhreacha a dhíothú amach anseo. Tar éis na cuairte, gheall Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go dtabharfaidís maoiniú do IOM chun cásanna múirín duillí agus piastlann a chur ar an gcampas.

## Taisteal níos Cliste chuig IOM, ó IOM agus timpeall IOM

Le linn na bliana acadúla 2021/2022, ghníomhaigh IOM chun taisteal níos cliste a chur chun cinn ar mhaithe leis an bhfoireann agus leis na mic léinn.

Chuir IOM a hainm leis an gcairt Campais um Thaisteal níos Cliste de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair. Tugann an Clár Campais um Thaisteal níos Cliste tacaíocht do champais tríú leibhéal chun roghanna gníomhacha inbhuanaithe taistil a chur chun cinn i measc na mac léinn, na foirne agus na gcuairteoirí. Gabhaimid buíochas speisialta leis an Dr Sandra Austin a raibh ról lárnach aici maidir leis an tionscnamh seo a eagrú.

Ghlac IOM páirt sa Dúshlán Céimeanna Walktober d'fhonn daoine a spreagadh chun dul amach ag siúl, agus shiúil siúlóirí IOM 1,058 míle (1,608km) – sin é an fad ó Bhaile Átha Cliath go Vín. Ghlac 44 ball foirne (ocht bhfoireann) san iomlán sa dúshlán seo agus fuair siad Teastais ó chlár STC chomh maith le seacláidí ó IOM. Ghlac breis is 1,000 foireann as gach cearn den tír páirt sa dúshlán, agus chríochnaigh ceithre cinn dár bhfoirne sna 500 is fearr, éacht ollmhór ós rud é nár ghlacamar páirt ann riamh roimhe sin.

Ní le siúl amháin a bhaineann sé - chun go bhfanfadh rothaithe sofheicthe le linn na míonna dorcha, tugadh soilse tosaigh agus cúil amach do 100 mac léinn agus ball foirne IOM mar chuid den fheachtas 'Light Up Your Life' i mí na Samhna, a bhuíochas don chlár Campais um Thaisteal níos Cliste. Rinneadh iniúchadh ar an gcampas agus suirbhéanna taistil ar mhic léinn agus ar bhaill foirne i measc gníomhaíochtaí eile faoin gclár go dtí seo.

## Ag fás ag Garraithe Náisiúnta na Lus

I mí Mheán Fómhair, thug an Dr Sandra Austin mic léinn B. Ed. 4 go dtí Garraithe Náisiúnta na Lus, áit ar thug Jean agus Ciara ó Fhoireann Oideachais GNL ar thuras treoraithe iad i ngairdín foghlama na leanaí agus ag an taispeántas 'Sculpture in Context'.



## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) a thabhairt don Oideachas

I mí Mheán Fómhair, chuir an Dr Sandra Austin freagra isteach maidir leis an gcomhairliúchán poiblí faoi Phlean Náisiúnta Forfheidhmithe SFI de chuid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. I mí na Samhna, d'fhreastail an Dr Austin ar sheoladh na Sraithe Straitéisí um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá sé mar aidhm ag an tsraith straitéisí cúnamh a thabhairt d'oideoirí agus d'institiúidí ardoideachais féachaint chuige go seasfaidh a gcuid curaclam an aimsir trí inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm go daingean ina modhanna teagaisc nó trí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) a chomhtháthú leis an gcuraclam. Cuireann sraith straitéisí digiteacha an tionscadail SFI acmhainní achoimre indéanta ar fáil chun an sprioc seo a bhaint amach chomh maith le léargas a thabhairt ar na teoiricí taobh thiar de.

## Campas glas @ IOM

Is coiste comhoibríoch mac léinn/ball foirne é Coiste an Champais Ghlais a bhfuil mar chuspóir acu clár an Champais Ghlais a chur i bhfeidhm ag IOM agus gníomhaíocht ar son na hinbhuanaitheachta a chomhordú ar fud pobal campais IOM. Reáchtáil an Coiste cruinnithe ar bhonn rialta le linn na bliana acadúla. Is iad na baill: Ellen O'Connell (Uachtarán Aontas na Mac Léinn), Catriona Duddy (Oifigeach Comhshaoil Aontas na Mac Léinn), Emma Hobson, Niamh Baskett, Petra Doherty, Claudia Kavanagh, Amy Kavanagh, an Dr Barbara O'Toole, Ciarán Fogarty, an Dr Sandra Austin. Bhí Cáipéis Scóipe Campas Glas mar thoradh ar a gcuid oibre, agus cuireadh isteach chuig An Taisce é i mí na Nollag 2021.

## Fás ag an ngairdín pobail

D'fhás dream iontach oibrithe garraíodóireachta deonacha (baill foirne agus mic léinn) réimse leathan barr sa Ghairdín pobail - piseanna, cúirséid, prátaí, cál agus cúpla ceann andúchasach eile amhail pónairí soighe neamhaibí agus salsabh dubh. Thóg mic léinn 'Spás don Fhás' Roth Luibheanna agus Óstán Feithidí sa ghairdín i rith na bliana.

## Síolta an dóchais a chur

I mí an Mhárta, chuir coiste an Champais Ghlais comhthionscnamh ar bun i gcomhar leis na garraíodóirí pobail nuair a d'eagraigh siad tob-sheisiún curtha síl lasmuigh den ghairdín pobail. Tugadh cuireadh do gach éinne teacht chuig ár mbord síolraithe chun cabhrú linn síolta as gach cearn den domhan a chur le haghaidh ár ngairdín - trátaí agus piobair as Meiriceá Theas, gircíní as na hIndiacha Thiar, Takinogawa as an tSeapáin, biatas as an Eoraip agus prátaí as Éirinn agus go leor eile. Tháinig Ardmhéara Bhaile Átha Cliatha, Alison Gilliland, agus Uachtarán IOM chuig an seisiún sin chun cabhrú linn. Thug an charthanacht 'Trees on the Land' dhá chrann dúinn le cur sa ghairdín.



# Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

**Bhí go leor imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl le linn na bliana acadúla 2021/2022 chun an éagsúlacht a cheiliúradh agus chun an ionchuimsitheacht a chur chun cinn in IOM. Ba é Coiste Éagsúlachta na mac léinn/ball foirne, coiste a cuireadh ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2021, a bhí taobh thiar de roinnt mhaith de na tionscnaimh seo.**

Áirítear leis na tionscnaimh seo imeachtaí amhail ceardlanna leabhar agus súgartha do leanaí, cruinnithe Malartaithe Teanga (Araibis/Béarla) agus seisiúin um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach leis an oiliúnóir idirchultúrtha an tUrramach Livingstone Thompson, chomh maith leis an gCoicís Idirchultúrtha i mí Feabhra 2022.



## Coicís agus aonach idirchultúrtha IOM



**Foscríbhinn: Kimberley Brown (tosach), Paola Reyes McCrory (ar chlé), Erika Pena (ar chúl) agus Irene Macchi (ar dheis) ag damhsa sa stíl thraidisiúnta as ceantair éagsúla Pheiriú ag Aonach Idirchultúrtha Institiúid Oideachais Marino.**

**Grianghraf: Laura Hutton/an Irish Times.**

I mí Feabhra chuireamar na múrtha fáilte, hwai-ying, ahlan bikke, vilkommen, velkommen, bienvenidas, selamat dating, hoş gyeldin agus céad míle fáilte roimh roinnt aíonna speisialta as breis agus deich n-ambasáid, roimh ambasadóirí idirchultúrtha, roimh ionadaithe na Romach ó Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath agus roimh chomhghleacaithe ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chuig Aonach Idirchultúrtha IOM. Ba iad an Dr Barbara O'Toole, Alan Bedford agus Coiste Éagsúlachta IOM a bhí taobh thiar de stiúradh an Aonaigh, agus ba é buaicphointe na coicíse imeachtaí idirchultúrtha é.

Bhí deis ag cuairteoirí bualadh isteach chuig na stainníní éagsúla ag a raibh taispeántais chultúrtha, agus labhairt leis na hoibrithe deonacha (baill foirne/mic léinn) faoin a gcultúr agus faoin a n-oidhreacht féin, agus é seo go léir

ag teacht lenár dtéama 'ag Fiosrú ár Scéal'. Bhí stainníní as Meicsiceo, as Éireann, as an tSín, as an tSile, as an Malaeisia agus as an Iodáil, gan ach roinnt bheag a lua. Thug na damhsóirí fuinniúla miotalacha Latino Amerika taispeántas damhsa bhríomhair uathu (beag beann ar an aimsir) agus ghlac grianghrafadóir ón Irish Times a bhí ar cuairt grianghraf de.

Chuir an t-imeacht 24 náisiúntacht agus cultúr os comhair an phobail, agus bhí baill as ambasáidí idirnáisiúnta i láthair. Bhí comhráití suimiúla againn a raibh ábhar machnaimh iontu le feidhmeannaigh ardchéimiúla agus le roinnt Ambasadóirí as na náisiúin seo, chomh maith le sult a bhaint as a bheith ag féachaint ar mhic léinn agus ar bhaill foirne agus iad ag imeascadh le chéile agus ag malartú tuairimí i dteannta ár n-aíonna an-speisialta as rang a ceathair i Scoil Náisiúnta Pháirc na nGrás Ag Foghlaim Le Chéile Agus a múinteoir, Dave Flynn á dtionlacan – bhí cuma an-sásta orthu toisc nach raibh siad istigh sa seomra ranga agus go raibh siad ag dul ag taiscéalaíocht ar deireadh!

## An Carghas agus Ramadan



Le linn mhí an Mhárta 2022, d'fhonn an Carghas a cheiliúradh – rinneadh sraith nóiméad urnaí ar líne a sholáthar gach Céadaoin ag am lóin. Ba é 'Grúpa Creidimh na Scoileanna agus na gColáistí' a d'ullmhaigh na nóiméad urnaí seo agus a chuir i láthair iad, grúpa a cuireadh ar bun i gcomhar le hIontaobhas Spiritan, le hIontaobhas Scoil Loreto, le Rúnaíocht Oideachais Bhaile Átha Cliath, le Le Chéile, agus le IOM d'fhonn tacaíocht a thabhairt dár bpobal sna scoileanna agus sna coláistí trí chreideamh agus trí phaidreoireacht. Ba í IOM a chuir an nóiméad urnaí i láthair ar an 16 Márta. Thacaigh an tAthair Paul Finnerty, Reachtaire Choláiste na nGael sa Róimh leis an tsraith.

Thosaigh Ramadan ar an 1 Aibreáin. Thacaíomar lenár mic léinn Mhoslamacha agus lenár bpobal Moslamach trí ábhar spioradálta a sholáthar dóibh (ríomhphoist, póstaeir agus paidreacha) agus iad ar a n-aistear creidimh i rith na míosa seo.


## An bhratach a ardú le Bród

I mí an Mheithimh, agus Seachtain an Bhróid ag teannadh linn, d'ardaíomar Bratach an Bhróid ag IOM den chéad uair riamh. D'ardaíomar an bhratach seo le gliondar inár gcroí, mar léiríonn sí an meas atá againn anseo in IOM ar gach ball dár bpobal. Ba léiriú í chomh maith ar thacaíocht leanúnach IOM don ionchuimsitheacht maidir leis na mílte mac léinn agus ball foirne LADTA+ inár scoileanna.



# Folláine @ IOM

**Bhí Coiste Folláine IOM, Sinéad McCauley-Lambe, Breed Murphy, an Séiplíneach Lily Barry agus Suzy Macken,an-ghnóthach i rith na bliana agus iad ag eagrú tionscnamh agus ag tacú leo ar fud an champais agus lasmuigh de, tionscnaimh a bhain le ceol, gluaiseacht agus léachtaí agus a mhúin slite nua dár bpobal chun bualadh le chéile, chun machnamh a dhéanamh agus chun a sláinte a fheabhsú.**



## Ceol ar an Luan



Bhí na Seisiúin Ceol Traidisiúnta sa Chlós ag am lóin gach Luan ar cheann den iliomad fiontair rathúla folláine a ghlac pobal IOM chucu féin. Is mór an pléisiúr iad na seisiúin seo atá faoi stiúir na mac léinn, agus is léiriú iad ar spiorad agus ar thallann ár mac léinn.

## Rith, siúl nó rothaíocht

Bhí an-rath go deo ar an tSraith Reatha Mheán Fómhair sa bhliain 2021, agus tháinig mic léinn agus baill foirne amach ina sluaite gach oíche Déardaoin chun dul ag rith/bogshodar/siúl. Thug sé ardú misnigh dúinn chomh maith gur raibh go leor mac léinn páirteach i Seachtain na Rothar agus i measc na n-imeachtaí bhí turas ar rothar go Cluain Tarbh, cur i láthair faoin 'Scéim um Rothaíocht chun Oibre' le Deirdre Muholland (Oifig Airgeadais) agus Bunchúrsa Cothabhála Rothar le John Dunn, a d'eagraigh an Dr Sandra Austin. I mí an Mhárta, ghlac mic léinn agus baill foirne páirt sa Dúshlán Tiomsaithe Airgid 'Gluaiseacht ar son Bhéilí Mháire' de chuid IOM faoi stiúir Fheargail Uí Laighin. Tháinig siad le chéile agus thaisteal siad 353km san iomlán ar threalamh aclaíochta agus ar shiúlóidí ar an gcampas ag am lóin d'fhonn aird a tharraingt ar an gcarthanacht sin agus chun airgead a bhailiú di. Bailíodh €1070.43 agus thaisteal siad achar iontach 353km.

## Sos agus Suaimhneas



Reáchtáil an Fhoireann Séiplíneachta seisiúin folláine buail isteach ar mhaithe le Sos agus Suaimhneas a chur chun cinn, ar mhaithe lenár bhfolláine agus lenár meabhairshláinte a chothú agus chun roinnt straitéisí a thabhairt dúinn maidir le deacrachtaí an tsaoil a shárú Mar chuid den tionscnamh, chuir an Dr Aiveen Mullally ceardlann faoi chleachtais folláine i láthair, mhúin sí roinnt cleachtas simplí amhail obair anála, Teicníc Saoirse Mothúchán (EFT) agus Gluaiseacht Thras-Chliathánach agus Staidiúir Cinn; bhí deis le folcadh fuaime a thriail, a bhuí le Susan Farrell agus d'éascaigh Sinéad McCauley Lambe seisiún súgartha céadfacha do dhaoine fásta. Rinneadh athchóiriú ar 'Sheomra Machnaimh' ar an gcampas agus is áit álainn shuaimhneach í do mhic léinn le haghaidh sos a ghlacadh óna gcúramaí laethúla.

## Seirbhís Comhairleoireachta

Bhí a seirbhís comhairleoireachta féin ag IOM ar an gcampas den chéad uair riamh, ó thús na bliana 2022. Bhí seirbhís comhairleoireachta do mhic léinn ar fáil roimhe sin ón tSeirbhís Comhairleoireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar bhonn comhaontaithe seirbhíse. Is í an Dr Deirdre Flynn an chéad Stiúrthóir ar na Seirbhísí Comhairleoireachta agus is í Lynne Chen an Comhairleoir.

## Cuimhneachán

Is rud tábhachtach é cuimhneamh ar na daoine atá imithe romhainn ar shlí na fírinne agus comóradh a dhéanamh orthu.

I mí na Samhna 2021, d'eagraigh an Fhoireann Séiplíneachta seirbhísí ar son na marbh i Séipéal an Choláiste. Chruthaigh siad spásanna do Chrainn Cuimhneacháin chun gur féidir le mic léinn, le baill foirne nó daoine eile ainmneacha na marbh a scríobh, agus sos beag a thógáil chun cuimhneamh ar na daoine a cailleadh agus orthu siúd atá á gcaoineadh. Chuir an Dr Marie Whelton liosta cuimhneacháin le chéile, liosta ar a raibh ainmneacha daoine a cailleadh ó phobal IOM agus ainmneacha daoine ar cailleadh duine muinteartha leo le déanaí, agus chomh maith leis sin bhí Joe Tynan i mbun seirbhíse urnaí ar son anamacha na mBráithre sa reilig, dóibh siúd a raibh baint acu le IOM go háirithe. I mí Eanáir, bhí bigil ar siúl ar an gcampas i gcuimhne ar Ashling Murphy. Bhí roinnt mhaith mac léinn páirteach in eagrú agus i stiúradh na bigile. Sheinn an cór agus an Cumann Ceol Traidisiúnta ceol binn mar chomhartha ómóis agus le cur in iúl go raibh gach éinne ag seasamh gualainn ar ghualainn le cairde, le pobal scoile agus le teaghlach Ashling.

## Bróga damhsa a chaitheamh le linn na seachtaine folláine

Bhí Seachtain Folláine IOM ar siúl i mí Aibreáin 2022 agus bhí roinnt imeachtaí ar siúl lena linn amhail ranganna lóga, ceardlann faoi chothú agus faoi sneaiceanna sláintiúla, chomh maith le Rith na nDathanna, chun éagsúlacht agus comhionannas a cheiliúradh. Cuireadh clabhsúr ar an tseachtain le seisiún 'ag Damhsa leis na Réaltaí' le damhsóirí proifisiúnta ón gclár RTÉ a bhfuil duaiseanna buaite aige.

# Tionscadail agus foilseacháin

## Tá TOBAR ag dul ó neart go neart

Tá an Tionscadal TOBAR, a fhaigheann maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachas faoin gClár um Rochtain ar an Ardoideachas (PATH) dírithe go huile is go hiomlán ar obair le Lucht Siúil na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil rochtain ar choláistí oiliúna múinteoirí acu.

Fuair TOBAR maoiniú faoin gClár um Rochtain ar an Ardoideachas Céim 1 (PATH 1) ,ó 2018 go 2021 Sa bhliain 2021, chomhoibrigh Miriam Colum, Rory McDaid agus Luciana Lolich ó IOM le foireann Scoil Oideachais Choláiste na Tríonóide ar aighneacht rathúil ar son TOBAR le bheith maoinithe faoi PATH 2.

Tá TOBAR faoi stiúir Miriam Colum (MIE) agus faoi bhainistteoireacht foireann ó IOM agus ó Scoil Oideachais Choláiste na Tríonóide, agus anois tá na feidhmeanna seo a leanas acu; cláir for-rochtana agus meantóireachta a chur ar fáil, baint acu le hobair na gclár rochtana (TAP) i gColáiste na Tríonóide, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do thaighde trí mhaoiniú a thabhairt do mhac léinn dochtúireachta, gur duine den Lucht Siúil é/í más féidir, chun go dtabharfaidh sé/sí faoi staidéar ar an Lucht Siúil san Oideachas. Beidh ról ceannasach ag IOM maidir leis an gclár TOBAR - ag cinntiú go leanfar ar aghaidh leis agus ag tuairisciú don Údarás um Ardoideachas. Tá maoiniú €209,385 san iomlán ceadaithe ag an Aonad um Beartas Rochtana den Údarás um Ardoideachas don tionscadal seo. Déanfar an maoiniú seo a chomhroinnt idir IOM agus Coláiste na Tríonóide agus beidh sé ar fáil don tionscadal thar thréimhse trí bliana.



Tá rath ar an tionscadal go dtí seo. Bronnadh céim sa bhunmhúinteoireacht ar dhuine dár mic léinn TOBAR atá anois ag obair i nGaelscoil i gContae na Mí; tá post meánmhúinteoireachta ag duine eile i mBaile Átha Cliath agus tá triúr mac léinn cláraithe le IOM faoi láthair agus seans go mbeidh beirt eile againn ar an gclár B.Ed. i mí Mheán Fómhair 2022. Aithnímid anseo in IOM, a thábhachtaí is atá sé go mbeidh breis daoine den Lucht Siúil ag obair mar mhúinteoirí agus déanfaimid ár míle dícheall tacaíocht leanúnach a thabhairt don gclár ríthábhachtach seo.

## SiDit - IOM ag óstáil ábhar ar líne faoi ionchuimsiú

Is céim thábhachtach don fhoghlaim í an ionchuimsitheacht sa seomra ranga. Is tionscadal Erasmus+ é SIDiT (ag Tacú le hionchuimsitheacht agus le héagsúlacht sa Teagasc)  a chuireann acmhainní agus deiseanna oiliúna ar fáil do mhúinteoirí na hEorpa, chun go n-úsáidfidh siad modhanna ionchuimsitheacha sa teagasc nuair atá leanaí ó chúlraí eitneacha, socheacnamaíocha, cultúrtha, creidimh sa seomra ranga agus teanga difriúla sa acu. Cuirfidh IOM ábhar SIDiT ar fáil ar ár dTimpeallacht Fhíorúil Foghlama as seo go ceann cúig bliana, agus beidh ról lárnach ag an ábhar seo sa tionscadal tábhachtach Eorpach seo.

## Aistriú Eolas Oideachasúil

Lean an Dr Alison Egan leis an obair ar an tionscadal um Aistriú Eolais Oideachasúil (EKT) Erasmus + le linn 2021/2022. Tá baint ag 11 institiúid i sé thír san Eoraip leis an tionscadal seo a chuireann feabhas ar oideachas tosaigh múinteoirí trí phrionsabail agus uirlisí Ríomhfhoghlama a úsáid. D'óstáil Alison cruinniú tionscadail in IOM (ar líne) ar an 7 Feabhra 2022, agus d'fhreastail na comhpháirtithe tionscadail go léir air chun plé a dhéanamh ar rolladh amach an staidéir phíolótaigh. Reáchtáladh an chéad chruinniú tionscadail aghaidh ar aghaidh ó thús na paindéime in Ollscoil de Minho, Braga, an Phortaingéil i mí Iúil 2022, agus bhí na comhpháirtithe tionscadail uile i láthair chun tuairisciú ar an rolladh amach agus ar na staidéir phíolótacha ina gcoláistí oideachais féin.

## An Tionscadal um Múinteoirí Imirceacha - ag cothú an athmhuintearais

Leis an Tionscadal um Múinteoirí Imirceacha déantar iarracht rannpháirtíocht Múinteoirí Imirceacha arna nOiliúint ar Bhonn Idirnáisiúnta (IIETanna) a mhéadú i scoileanna bunoideachais agus iar-bhunoideachais na hÉireann. Bhí 160 duine ar an gclár sa bhliain acadúil 2021/2022.

I mí Feabhra na bliana 2022, bronnadh teastais ar 38 múinteoir as 19 dtír éagsúla ar fud na cruinne a chríochnaigh an tríú Nasc-Chlár MTP. Tá na bunmhúinteoirí nó meánmhúinteoirí cáilithe seo ag cur fúthu in Éirinn, agus anois teastaíonn uathu aitheantas a fháil ar a gcuid scileanna agus cáilíochtaí gairmiúla chun dul i mbun múinteoireachta anseo, ar mhaithe leis na pobail ina maireann siad.



Ócáid aghaidh ar aghaidh ba ea searmanas bronnta na dteastas, le breis is 150 duine i láthair - céimithe, daoine muinteartha agus aíonna a fuair cuireadh - ag caint is ag imeascadh le daoine eile, ag baint taitneamh as an ócáid agus ag bualadh lena gcomhscoláirí duine le duine agus ní ar Zoom den chuid uair riamh do chuid acu, agus bhí áthas orainn go raibh an tAire Oideachais Norma Foley TD, i láthair mar aoí speisialta againn ar a céad chuairt riamh ar Institiúid Oideachais Marino. Bhuail an tAire Foley le gach aon duine de na céimithe, chaith sí seal ag caint leo agus léirigh sí an-suim sna scoileanna ina raibh siad ag múineadh agus sna hábhair a mhúin siad. Seo cuid den mhéid a bhí le rá aici, san óráid a thug sí:

> *"Tacaíonn an tionscadal seo le Clár an Rialtais, lenár dTodhchaí le Chéile, mar cuireann sé i slí an-dáiríre lenár mianta maidir le hionchuimsitheacht san oideachas agus le rochtain a fháil air mar bhunchloch do shochaí níos córa agus níos cothroime. Má fháiltímid roimh na daoine seo chuig earnáil an oideachais, ní mór caitheamh go cothrom leo ansin." Ansin luaigh sí "gur minic a bhíonn obair neamhbhuan ag múinteoirí imirceacha, san earnáil cúraim leanaí, san earnáil cúraim sláinte agus san earnáil fáilteachais fiú, agus níl sé indéanta éirí as an obair intuartha seo chun obair ionadaíochta a dhéanamh*

*lá nó dhó i scoileanna éagsúla. Caithfimid idirdhealú a dhéanamh idir múinteoir óg Éireannach a bheadh an-sásta glacadh le hobair ionadaíochta agus múinteoir eile atá ag tógáil teaghlaigh agus cúraimí breise air/uirthi dá bharr sin. Déanann sé seo cúrsaí níos casta do mhúinteoirí imirceacha agus iad ag dul ag obair sa tír den chéad uair, agus tá fiosruithe á ndéanamh faoin bhfadhbh seo i mo roinn féin d'fhonn teacht ar réiteach"*

Tharraing Peter McGuire aird ar an gClár um Múinteoirí Imirceacha san Irish Times i mí Mheán Fómhair 2021 nuair a foilsíodh alt dá chuid faoi Josna Joy, céimí de chuid Nasc-Chláir 2019/20, agus atá anois ag obair go lánaimseartha mar mhúinteoir Matamaitice agus Gnó i Meánscoil Chill Mhantáin Thuaidh Ag Foghlaim le Chéile. Labhair sí faoi bhuntáistí an Nasc-Chláir agus faoi na tacaíochtaí a fuair sí ón Tionscadal um Múinteoirí Imirceacha maidir le Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis an bpost múinteoireachta atá aici faoi láthair. Chomh maith leis sin, tharraing an t-alt aird ar an gcomhoibriú tábhachtach idir an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Clár um Múinteoirí Imirceacha ag IOM.

MTP
MIGRANT TEACHER PROJECT



## Lárionad a moladh do Mhúinteoirí a Fuair Oiliúint Thar Lear

Chuir IOM moladh chuig an Aire Oideachais maidir le Lárionad do Mhúinteoirí a Fuair Oiliúint Thar Lear nó Centre for Internationally Educated Teachers mar is fearr aithne air sa Bhéarla (CIET) a bhunú, rud a chuirfeadh le rath an Chláir um Múinteoirí Imirceacha. Chuirfeadh an Lárionad seo treoir ar fáil do mhúinteoirí a fuair oiliúint thar lear maidir le clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus le riachtanais easnaimh. Cuirtear na mílte duine as seilbh de bharr coinbhleachta agus tubaistí nádúrtha agus sa chomhthéacs seo chuirfeadh an Lárionad seo mol lárnach agus gréasán fairsing náisiúnta scoileanna ar fáil. Chomh maith leis sin bheadh tacaíocht ar fáil ann do mhúinteoirí imirceacha, do mhúinteoirí ar dídeanaithe iad agus do mhúinteoirí eile a fuair oiliúint thar lear chun eolas, scileanna agus infhostaitheacht a fháil agus poist a fháil mar mhúinteoirí in Éirinn.

## An Bíobla as Gaeilge

Tá rún ag Cumann Náisiúnta Bíobla na hÉireann Bíobla Scoile Gaeilge a fhoilsiú sa bhliain 2022 le húsáid in Oideachas Reiligiúnach lán-Ghaeilge dara agus tríú leibhéal. Chomhordaigh an Dr Marie Whelton an obair eagarthóireachta, a bhfuil foireann de 10 n-eagarthóir Gaeilge as cúig Institiúid Oideachas éagsúla páirteach ann lena n-áirítear baill de Choiste Comhairleach na nEaspag um an Liotúirge i nGaeilge. Tá mar chúram ar gach eagarthóir, tuairim is 150 leathanach de théacs.

## Cruinnithe LeCoLe le páirtithe i láthair go pearsanta

Is tionscadal é LeCoLe atá maoinithe faoi Erasmus+ a bhfuil baint ag roinnt tíortha comhpháirtíochta leis, agus a dhéanann iniúchadh ar bhealaí d'fhoghlaimeoirí le bheith ina gcomhchruthaitheoirí ar a gcuid foghlama féin. Bhí IOM an-ghnóthach leis an tionscadal le linn na bliana acadúla 2021/2022. Bhí cruinnithe a raibh daoine i láthair go pearsanta ceadaithe arís agus bhí cruinnithe ar líne ag tarlú fós.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, thaisteal an Dr Aimie Brennan agus an Dr Colleen Horn go Réicivíc thar ceann IOM, mar ar thug siad cuairt ar scoileanna agus bhuail siad le daltaí agus le múinteoirí, agus fuair siad oiliúint ar scríbhneoireacht scripte agus ar léiriú scannán in Ollscoil Réicivíce. Bhí seans ag IOM cruinniú a óstáil i mí Feabhra, nuair a tháinig deichniúr comhghleacaithe ar cuairt ó Ollscoil na hÍoslainne, ón Aireacht Oideachais sa Phortaingéil, ón Institiúid Foghlama um Oideachas Eorpach (an Ghréig), ón Lárionad Forbartha Oideachais (an Laitvia) agus ón Lárionad Náisiúnta don Oideachas (an Laitvia). Ghlac comhpháirtithe páirt i gclár gnóthach trí lá inar cuireadh roinnt tionscadal de chuid na hÉireann i láthair, tionscadail dírithe ar chomhchruthú agus ar chomhpháirtíocht ag leibhéal bunscoile, iar-bhunscoile agus Ardoideachais.

Bhí roinnt comhpháirtithe bainteach leis an gclár lena n-áirítear Ceannaireacht JCT, NStEP, Ionad Oideachais Gharraithe Náisiúnta na Lus, Meánscoil na Toirbhirte, Cnocán an Bharrúin agus comhghleacaithe agus mic léinn éagsúla in IOM. Tháinig comhpháirtithe ón bPortaingéil, ó Laitvia, ón gCréit, ón Íoslainn agus ó Éirinn (IOM) le chéile in Rethymno, an Chréit, mar ar thug siad cuairt ar scoil ceoil agus ar dhánlann chun ábhar comhchruthaithe a fheiceáil. Thug siad

cuairt chomh maith ar Scoil Thrialach Rethymno, scoil ina mbíonn foghlaimeoirí ag comhchruthú a gcuid foghlama féin laistigh den phróiseas comharfhoghlama.

## Baill foirne nua ag STER

Tháinig roinnt ball foirne nua chun obair in IOM ar Thionscadal Taighde Oideachais na Mac Léinn faoi oiliúint, lena n-áirítear Riarthóir STER na Mac Léinn an mac léinn MES ECE1 Éadaoin Close,agus mar thoradh fónta ar an saothar a bhain leis an tionscnamh náisiúnta seo bhí eagráin de phodchraoltaí, físeáin voxpop ó mhic léinn in Institiúidí Ardoideachais ar fud na tíre, Comhdháil agus Ríomh-Irisleabhar 2022 de chuid STER agus go leor eile. Tháinig beirt mhac léinn ar shocrúchán oibre i dtús na bliana 2022 chun obair ar an tionscadal d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na beartais atá mar bhonn faoi chuir chuige comhpháirtíochta mac léinn san Ardoideachas in Éirinn.

## Maoiniú ó SCoTENS-Oileán Comhroinnte do thionscadail chomhoibríocha a bhfuil baint ag IOM leo

Chuir SCoTENS, an Chomhdháil Bhuan d'Oideachas Múinteoirí, ó Thuaidh is ó Dheas (CoBOMTT) agus Tionscnamh an Oileáin Comhroinnte maoiniú ar fáil do roinnt tionscadal a raibh baint ag IOM leo sa bhliain acadúil 2021/2022. Déanann na tionscadail seo: SHARED (Dóchas, Gaisce, Taighde, Cothromas agus Éagsúlacht na Mac Léinn), scrúdú ar an gcaoi ar féidir le hoideoirí múinteoirí ó Thuaidh agus ó Dheas múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le tearcghnóthachtáil sa chóras oideachais agus iad ar shocrúchán scoile.

Tá tionscadal eile, BUDDIES (Athmhuintearas a Dhéanamh, Míbhuntáiste san Oideachas a Laghdú) ag déanamh scrúdú ar Ról an Chomhordaitheora Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (HSCL) maidir le dul i ngleic le míbhuntáiste sa chóras oideachais ar fud na hÉireann. Tá SCoTENS ag cur maoiniú ar fáil chomh maith do REEPP-NS, tionscadal faoi stiúir IOM agus SMUC, Béal Feirste araon, chun fáil amach an mbíonn baint ag múinteoirí faoi oiliúint le taighde oideachasúil agus an mbaineann siad úsáid as, maidir le cleachtas gairmiúil a fheabhsú in dhá Institiúid Oideachais ó Thuaidh agus ó Dheas.

## ALPACA - uirlis dhigiteach le haghaidh fadhbanna léitheoireachta luath-óige a aithint

Fuair ALPACA, comhthionscadal idir IOM, Ionad Learnovate, Coláiste na Tríonóide agus Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, maoiniú tráchtálaíochta €300,000 ó Fhiontraíocht Éireann. Bainfear úsáid as an maoiniú seo le haghaidh uirlis dhigiteach a fhorbairt chun fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag leanaí leis an léitheoireacht a aithint ag aois an-óg. Is í an Dr Jennifer O'Sullivan Príomhthaighdeoir an tionscadail seo agus comhoibríonn sí leis an Dr Anne Devitt, Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide agus le foireann ag Learnovate ar an tionscadal nuálach seo.

## Foilseacháin agus Cuir i láthair ag Comhdhálacha

Tá go leor déanta ag pobal IOM ar mhaithe le dul chun cinn acadúil ar an stáitse náisiúnta agus idirnáisiúnta trí pháipéir, leabhair agus tuarascálacha a fhoilsiú agus trí cuir i láthair agus imeachtaí comhdhála a óstáil. Tá rogha bheag díobh thíos, chun blaiseadh a thabhairt duit ar an réimse ábhar a cumhdaíodh.

Thug Melanie Ní Dhuinn caint darb ainm Let's Talk (and tweet) About Sociology of Education-using a podcast method and social media. Raising our Teacher Education voice through conventional and emerging media ag Comhdháil an Earraigh, Cumann Oiliúnóirí Múinteoirí na hEorpa, Institiúid Oideachais Marino, ar an 25-27 Bealtaine.

Young, AM., Ní Dhuinn, M., Mitchell, E., Ó Conaill, N. & Uí Choistealbha, J. (2022). Disorienting Dilemmas and Transformative Learning for School Placement Teacher Educators during COVID-19: Challenges and Possibilities. Journal of Education for Teaching (Special Edition). Arna fhoilsiú ar an 30 Bealtaine 2022. https://www.tandfonline.com/doi/full/10.1080/02607476.2022.2082274


Lolich, L. and Timonen (TCD), V. Technology for care and living: Making sense of care technologies through a critical perspective in, editor(s)C. Ranci and T. Rostgaard, Research handbook of social care policy, Cheltenham (UK) & Northampton (MA, US), Edward Elgar, 2021.

Mullally, A. (2021). 'Why are Catholic Schools Afraid to be Catholic Schools?': Challenges to Leaders of Catholic Secondary Schools in Ireland. In G. Byrne & S. Whittle, (Eds). Catholic Education: A Lifelong Journey. Dublin: Veritas.

Dunne, C. M. (2021). Éabhlóid an ghrinn i ngreannáin na Gaeilge. In R. Markus, É Ní Muircheartaigh, M. Nic Eoin, D. Nic Mhathúna, B. Ó Conchubhair & P. Ó Liatháin (eagí), Ar an imeall i lár an domhain: Ag trasnú tairseacha staire, teanga, litríochta agus cultúir. Leabhar Breac.

O'Dwyer, Fergus (2022). "Confrontational humour in a Dublin sports club flouting the conversational maxims of indirectness: "just letting things go and having a laugh"" In Lucek, Stephen and Amador Moreno, Carolina P. (Eag.) Expanding the Landscapes of Irish English: Research in Honour of Jeffrey Kallen (Routledge Studies in Sociolinguistics), 178-196. Nua-Eabhrac: Routledge.

Murphy, B., Leavy, A., & Erbe-Healy, A. (2021). An exploration of the mathematics outcomes of 9-year-old children in multigrade classrooms in small schools. Cur i láthair ag 13ú Comhdháil Bhliantúil Taighde Growing Up in Ireland, 25 Samhain [ar líne].



# Comhdhálacha agus Pobal

## Ár mBailte, Ár dTodhchaí - Guthanna an óige a chur in iúil

Bhí baint láidir ag an Dr Cliodhna Martin leis an tionscadal Ár mBaile, Ár dTodhchaí le linn na bliana acadúla 2021/2022 Déantar iarracht sa tionscadal seo, ar tionscnamh de chuid Mhúsaem Óige na hÉireann agus na Comhairle Oidhreachta é, guthanna leanaí agus an óige a chur in iúil agus iad ag plé a ról i lár bailte stairiúla na hÉireann a athnuachan. Dhírigh Clíodhna ar chúrsaí i dTrá Lí, mar ar oibrigh sí le pleanálaithe,le hailtirí agus le Comhlachas Tráchtála Thrá Lí d'fhonn a dtuairimí ar an mbaile a fháil.

## FÉILTE




Bhí FÉILTE (Féile Oideachais na Comhairle Múinteoireachta um Múineadh agus um Barr Feabhais san Fhoghlaim) ar siúl i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2021. Chuir iarchéimithe IOM Róisín Lowe (B. Ed.) agus Niamh O'Neill (B. Ed.) póstaeir taighde i láthair, le tacaíocht ón Dr Aimie Brennan. Bhí a bpóstaeir le feiceáil ina dhiaidh sin ar shuíomh gréasáin agus meán sóisialta na Comhairle Múinteoireachta, agus cuireadh ar taispeáint iad i bhfoirgneamh Nagle Rice in IOM.

## Baile Átha Cliath aitheanta mar Chathair Dhomhanda Foghlama UNESCO

Sa bhliain 2021, thug UNESCO aitheantas do Bhaile Átha Cliath mar Chathair Dhomhanda Foghlama, agus ba mhór an onóir d'fhoireann IOM a bheith páirteach sa phróiseas seo. Is iad Denise McMorrow (IADT) agus Seán Delaney (IOM) Comhchathaoirligh thionscadal Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath.

Bhí ról príomhcheannaireachta ag IOM sa tionscadal seo le blianta anuas, agus tá Emer Murphy, Comhordaitheoir Cumarsáide agus For-Rochtana Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath fostaithe againn Chomh maith leis sin, chuir na Scoileanna Samhraidh bliantúla in IOM leis an obair seo. Glacadh le Baile Átha Cliath mar bhall de Líonra Domhanda na gCathracha Foghlama UNESCO sa bhliain 2019, chun Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar réigiún foghlama, agus mar thoradh air sin, d'éirigh le hiarratas Bhaile Átha Cliath go n-aithneofaí í mar Chathair Dhomhanda Foghlama. Thaisteal Denise McMorrow agus Emer Murphy go dtí an Chóiré chun glacadh leis an ngradam thar ceann Chathair Bhaile Átha Cliath, agus bronnadh an gradam go hoifigiúil ar an Ardmhéara Allison Gilliland, i mí na Samhna 2021.

Shínigh ionadaithe Chathracha Foghlama uile na Éireann meabhrán tuisceana i Halla na Cathrach, Béal Feirste, ar an 18 Bealtaine. Bhí ionadaithe as Corcaigh, as Luimneach, as Doire-an Srath Bán agus as Béal Feirste ann, agus rinne an tArdmhéara Alison Gilliland ionadaíocht thar ceann Bhaile Átha Cliath. Reáchtáladh seisiúin pleanála straitéisí lae ag tús mhí an Mheithimh do Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath. Is í Emer Murphy Comhordaitheoir Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath.



## Meantóireacht Phobail

Is é atá i gceist leis an gClár Meantóireachta Phobail (CM) ná clár meantóireachta idirinstitiúideach agus pobalbhunaithe a nascann mic léinn ó ghrúpaí a bhfuil tearcionadaíocht acu le meantóirí san oideachas tríú leibhéal. Ghlac IOM páirt sa chlár le trí bliana anuas. Reáchtáil CM a ócáid bhliantúil oiliúna do Mheantóirí i mí na Samhna 2021, ag a raibh deis ag comhordaitheoirí ó gach institiúid, an Dr Colleen Horn san áireamh, seisiúin a éascú, bualadh le comhordaitheoirí eile agus bualadh le lucht nua an CM, lena n- áirítear dóibh siúd ó IOM a earcaíodh i mbliana.

## Seachtain na Matamaitice ag IOM

Bhí Seachtain na Matamaitice 2021 ar siúl ón18-22 Deireadh Fómhair. D'ullmhaigh an Fhoireann Mhata-oideachais, Breed Murphy agus an Dr Sorcha Browne, clár imeachtaí lena n-áirítear imeachtaí do mhic léinn, imeachtaí don choláiste ar fad agus imeachtaí for-rochtana. Áirítear le buaicphointí na seachtaine Fadhb an Lae, tráth na gceist malartach matamaitice, dúshláin geochláir, ceardlann ealaíne, caint ar an matamaitic agus conairí matamaitice. Thug leanaí ó Scoil Mhuire Marino cuairt ar an gcampas agus ghlac siad páirt i gconair matamaitice agus in imeachtaí geochláir, a phleanáil mic léinn PME 1.

## Seachtain na Gaeilge 2022




Bhí Seachtain na Gaeilge ar siúl ón 28 Feabhra go dtí an 3 Márta le réimse imeachtaí don fhoireann agus do mhic léinn araon, agus d'éirigh go geal leis. Ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl d'Aodán Mac Suibhne thar ceann na hInstitiúide. Ár mbuíochas chomh maith le Tríona Ní Shúilleabháin agus le Alex Mac Seóin ón gCumann Gaelach, agus le Caoileann Ní Dhonnchadha ár nOifigeach Gaeilge as an tseachtain iontach a d'eagraigh siad do mhic léinn agus d'fhoireann na hInstitiúide, seachtain a mhairfidh i gcuimhne na ndaoine ar feadh i bhfad. Chuir dream cumasach IOM taispeántas ceoil agus damhsa céilí ar siúl mar chuid den oscailt oifigiúil i bpuball sa chlós, rud a chur fuinneamh i ngach éinne lá fuar earraigh, agus chomh maith leis bhí an turas bliantúil go Ráth Chairn, preab-Ghaeltacht, ceolchoirm agus tráth na gceist laethúil againn.

## Stad Camino Aoine Chéasta

Chuir IOM Fáilte roimh pharóistigh ó shéipéil áitiúla ar a 'siúlóid Camino' Aoine Chéasta, i mí Aibreáin 2022. Rinne IOM 150 cuairteoir a óstáil i séipéal an champais, ar a gcéad stad ar a siúlóid, áit a raibh seans acu páirt a ghlacadh i nóiméad paidreoireachta agus i machnamh treoraithe.

## IOM mar óstach do Chomhdháil ESAI

Rinne IOM comhdháil Chumann Léann Oideachais na hÉireann a óstáil ar líne ar an 7 agus ar an 8 Aibreáin 2022. Rinne an Roinn TF agus Ríomhfhoghlama (an Dr Alison Egan, Martin Lynch, Patrick Geary, Andy Carroll agus Shane Regan) 'Seomraí Zoom' a óstáil agus a bhainistiú chun a chinntiú go bhféadfadh na rannpháirtithe go léir a gcuid taighde a roinnt ar líne gan fadhb ar bith le linn an dá lá. Ba é obair chrua agus tiomantas fhoireann na roinne TF agus ríomhfhoghlama ba chúis le rath na comhdhála. Bhronn Uachtarán ESAI an tOllamh Teresa O'Doherty Gradam Saoil ar Elizabeth Oldham, ag an gcomhdháil, as an méid a rinne sí ar son an chumainn agus sa réimse níos leithne taighde san oideachas.




## Tugann comhdháil DICE léargas ar an oideachas ionchuimsitheach

Is tionscnamh oideachais náisiúnta é Tionscadal DICE, atá maoinithe ag Cúnamh Éireann, agus atá dírithe ar oideachas forbartha (ceartas domhanda) agus oideachas idirchultúrtha a chomhtháthú in oideachas tosaigh múinteoirí ag leibhéal na bunscoile in Éirinn. Is iad OCBÁC, Ollscoil Mhá Nuad, Institiúid Oideachais Marino, agus Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach a chuireann an tionscadal i bhfeidhm. Tá oifig an Tionscadail á óstáil ag OCBÁC faoi láthair.

Bhí Comhdháil DICE ar siúl in IOM i mí Feabhra 2022, agus 'Guthanna an Lucht Siúil i gCóras Oideachais na hÉireann' mar théama aici. Ba í gníomhaí an Lucht Siúil agus oibrí tacaíochta oideachais an tUasal Kathleen Murphy príomhchainteoir na comhdhála, agus chuir Jo Holmwood agus Mary Branley ón tionscnamh foilsitheoireachta Kids' Own i gContae Shligigh páipéar i láthair faoina sraith leabhar a scríobh leanaí dar teideal 'Unheard Voices' agus spreag sé seo plé ar chúrsaí níos leithne maidir le cultúr, le héagsúlacht, le cothromas, agus le ceartas i saol an lae inniu. Chuir Miriam Colum an páipéar deireanach i láthair in éineacht le mac léinn PME Annmarie Collins, a scríobh lámhleabhar d'oideoirí dar teideal 'Travelling Community Teaching Resource'.

Rinneadh an chomhdháil a bheoshruthú ar líne, bhreathnaigh breis is 150 duine uirthi, agus bhí sí ar cheann de na tionscnaimh a léirigh 'meon' na hionchuimsitheachta in Marino. Luaitear inár bPlean Straitéiseach Saolta a athrú ó Bhonn: 2021 go 2026 gur mian linn tiomantas a spreagadh inár bhfoireann, inár mic léinn agus inár gcéimithe do cheartas sóisialta, ionchuimsiú, inbhuanaitheacht agus athrú chun feabhais i suíomhanna oideachais, ina bhfuil cúrsaí caidrimh fite fuaite leis an timpeallacht oideachais níos leithne.



D'fhonn aird a dhíriú ar chúrsaí idirchultúrtha, d'fhreastail Ceannaire Thionscadal DICE, an Dr Barbara O'Toole ar an modúl 12 seachtaine 'Buntreoir do Léann na nDaoine Gorma', ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go mí Feabhra 2022, cúrsa maoinithe ag DICE a d'eagraigh an Institiúid um Fhrithchiníochas agus um Léann na nDaoine Gorma.

## Comhdháil STER faoi stiúir mic léinn agus do mhic léinn

Tarraingíonn Comhdháil bhliantúil STER atá faoi stiúir mic léinn aird ar an tábhacht a bhaineann le teacht le chéile chun an fhís maidir le múinteoirí mar thaighdeoirí a chur in iúl, agus chun plé agus machnamh a dhéanamh ar shlite chun taighde oideachais a chur i bhfeidhm.

Ba é téama na comhdhála 2022 agus a bhí ar siúl i mí Aibreáin, ná "Taighde Oideachais: Tuiscint, Nuálaíocht agus Spreagadh." Chláraigh breis is 100 mac léinn agus ball foirne don ócáid hibrideach seo, a bhí faoi chathaoirleacht an mhic léinn ECE3 Ava Bannon.

Logáil lucht freastail as an Ostair, as Barcelona, as Zurich agus as Institiúidí Ardoideachais ar fud na hÉireann isteach, agus chomh maith leis na cuir i láthair a rinne mic léinn agus céimithe, bhí díospóireacht phainéil faoi "dhearcadh ar an aistear taighde" mar chuid den chlár, imeacht a dhírigh go sonrach ar leideanna agus ar chomhairle do mhic léinn a bheidh ag dul i mbun a dtaighde féin go luath agus ba í mac léinn BEd3 Tara Litchfield a rinne an chathaoirleacht go proifisiúnta.

Rinneadh an 5ú eagrán de ríomh-irisleabhar STER a sheoladh go hoifigiúil ag an gcomhdháil, agus ba í an Dr Barbara O'Toole a bhí ina haoi-eagarthóir ar an Eagrán Speisialta seo faoi Oideachas Idirchultúrtha. Is í an Dr Aimie Brennan a dhéanann tionscadal STER a chomhordú.

## Story Time i Marino - dúil sa scéalaíocht a chothú

Tá mar cheann de threoirphrionsabail IOM cuidiú le tuismitheoirí chun freagrachtaí a róil mar oideoirí a chomhlíonadh. Agus an bhfuil slí ar bith níos fearr ann lena dhéanamh ná scéal a léamh? Is tionscnamh idir Institiúid Oideachais Marino, Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath agus Comhpháirtíocht an Taoibh Thuaidh é - Tionscadal Story Time Marino - a thacaíonn le tuismitheoirí chun scéalta a léamh dá leanaí atá idir trí agus cúig bliana d'aois. Is í an Dr Joan Kiely atá i gceannas ar rannpháirtíocht IOM leis an tionscnamh.  Bhí an-áthas ar fhoireann Thionscadal Story Time Marino go raibh sé ar ais ar an bhfód arís tar éis bearna bliana de dheasca na paindéime COVID-19 - reáchtáladh an 21ú leagan de i mí an Mhárta agus i mí na Bealtaine 2022.

Ar an gcéad dul síos, d'fhreastail 49 teaghlach as Baile Átha Cliath Thuaidh ar cheardlann ionduchtúcháin in IOM agus, tugadh seacht leabhar scéalta, bileoga leideanna agus treoir maidir le straitéisí comhráiteacha dóibh, agus ansin gheall na tuismitheoirí go léifidís scéalta dá leanaí gach oíche go ceann cúig seachtaine. D'fhill na tuismitheoirí agus a leanaí ar IOM chun freastal ar shearmanas bronnta teastas in IOM ag tús mí na Bealtaine agus bhronn an file, drámadóir agus craoltóir Vincent Woods teastais orthu. Tugadh ribíní duaise do na rannpháirtithe óga as páirt a ghlacadh sa tionscadal. Labhair Vincent chomh maith le rannpháirtithe Story Time faoi chúrsaí scéalaíochta le linn a óige, rud a mhúscail dúil sa léitheoireacht ann agus a spreag é chun dul i mbun pinn. Thug leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath cúnamh do thuismitheoirí agus do pháistí i dtaca le ballraíocht a ghlacadh i leabharlanna. Ar an mbealach seo, tá dóchas ann go dtabharfaidh tionscadal Marino spreagadh do leanaí dúil a chur i leabhair a mhairfidh ar feadh a saoil.

## Scoil Samhraidh sna hEalaíona Cruthaitheacha

Tionscnamh de chuid PATH 3 is ea Scoil Samhraidh sna hEalaíona Cruthaitheacha, agus is í ár nOifigeach Rochtana Louise Condon a dhéanann comhordú air. Cuirtear ar fáil é i gcomhar le COBÁC, le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le IADT (Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta), le RCSI (Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn) agus tá sé faoi stiúir NCAD (Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha). Bhí sé ar siúl in IOM ar an 22 Meitheamh 2022. Bhí ceardlanna ar bun san ealaín, sa drámaíocht agus sa cheol agus ba iad Mark Joyce, Eileen Keane Niland, Máire Nuinseann agus Ciara Roche-Power éascaitheoirí an lae.

## Déanann IOM Comhdháil Earraigh ATEE a óstáil

Rinne IOM Comhdháil Earraigh ATEE a óstáil i mí na Bealtaine 2022. "Oideachas agus Cleachtas Múinteoirí: Fadbhreathnaitheacht agus Breathnú Siar" a bhí mar théama ar an gcomhdháil, agus chuala na toscairí eochairchainteanna faoi oideachas múinteoirí in Éirinn, faoi dhaonlathas agus oideachas múinteoirí agus faoin oideachas in am na héiginnteachta. Bhí Uachtarán ATEE an tOllamh Davide Parmigiani, Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais an tUasal Bernie McNally agus Uachtarán Institiúid Oideachais Marino, an tOllamh Teresa O'Doherty i láthair chun an chomhdháil a oscailt go hoifigiúil agus chun fáilte a chuir roimh breis is 100 toscaire as 18 dtír éagsúla chuig na seisiúin seo a leanas; Disciplíní agus Cleachtas Oideachais, Múinteoirí Imirceacha agus Teagasc gan Teorainneacha, Deireadh le hOideachas Múinteoirí, Oideachas Múinteoirí agus na Meáin, agus Inbhuanaitheacht agus Oideachas Múinteoirí agus chuig imeachtaí siamsúla amhail ceol Gaelach, cuairt ar Leabhar Cheanannais, agus turais go Binn Éadair, go Port Mearnóg agus go Caisleán Mhullach Íde.



## Cuairteoirí as Ollscoil Loyola, Chicago

Thug an Propast Comhlach um Rannpháirtíocht Dhomhanda agus sa Phobal an tAthair Scott Hendrickson, agus an Stiúrthóir Tionscnamh Domhanda Fraser Turner, ó Ollscoil Loyola, Chicago, cuairt ar IOM ar an 15 Meitheamh 2022. Thug an tAthair Hendrickson agus Fraser cuairteanna ar institiúidí comhpháirtíochta féideartha in Éirinn, chun réimsí comhpháirtíochta a phlé amhail malartú díreach soghluaisteachta, oideachas fíorúil agus malartú dáimhe/comhpháirtíochtaí.

## Malartú cultúrtha idir Éire agus an Danmhairg

D'óstáil an Dr Maja Haals Brosnan ócáid um malartú cultúrtha le ECE 1 (Oideachas Luath-Óige) agus lenár gComhpháirtí ECE Erasmus as an Danmhairg, UC Syd. Rinneadh beartas idirnáisiúnta san Oideachas Luath-Óige (ECE) a phlé ag an ócáid seo ag a raibh 80 mac léinn ECE céad bliana agus 28 mac léinn ECE na bliana deiridh i láthair. Rinneadh córais ECE na hÉireann agus na Danmhairge chomh maith le creataí curaclaim a chíoradh agus a phlé.

## Cuairt Uachtarán CLG




Bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh Uachtarán CLG an tUasal Larry McCarthy chuig an gcampas ar an 10 Bealtaine nuair a bhronn sé boinn ar na foirne seo a leanas: buaiteoirí Craoibhe Chorn Uí Mhaolagáin 2020 (Camógaíocht); buaiteoirí Roinn Sraithe 5 2021 (Peil na mBan); agus buaiteoirí Chorn Fergal Maher 2022 (iomáint). B'in an chéad uair a thug aon Uachtarán CLG cuairt oifigiúil ar IOM, agus bhí breis agus 65 mac léinn i láthair ag searmanas bronnta na mbonn.  Deis iontach ba ea é chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí na bhfoirne CLG, agus ar a meantóirí, ar a n-urraithe agus ar lucht eagraithe na gclubanna.

## Ollscoil Zurich um Oideachas Múinteoirí

Rinne an Dr Aimie Brennan beirt chomhghleacaithe ó Ollscoil Zurich um Oideachas Múinteoirí, an Eilvéis a óstáil, ón 26 Feabhra go dtí an 11 Márta 2022. Díríodh sa chlár ar fhorbairt taighde na mac léinn faoi oiliúint, ar chleachtas gairmiúil agus ar oideachas múinteoirí in Éirinn ar bhonn níos leithne. D'óstáil Franziska Detken seisiún eolais faoi oideachas múinteoirí in Zurich do mhic léinn agus do bhaill foirne IOM, agus bhuail roinnt mhaith comhghleacaithe IOM le Beatrice agus le Franziska chun cúrsaí cleachtais a chomhroinnt fad is a bhí siad ar cuairt.



Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education

Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education

*Coláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath*


**FÁILTIÚ**
01 805 7700

**OIFIG IONTRÁLA**
01 805 7742 | admissions@mie.ie

**OIFIG ROCHTANA**
01 805 7752 | access@mie.ie

marinoinstituteofeducation
@MarinoInstitute
marino-institute-of-education

www.mie.ie
www.tcd.ie

**CÓIRÍOCHT AN CHAMPAIS**
01 254 2248
mie@eber.life


Cúrsaí céime agus Dioplóma a thairgeann. Tá Institiúid Oideachais Marino creidiúnaithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin